



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte  
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +  
Social Care Professionals

# Tuarascáil Bhliantúil 2011

lena n-áirítear

Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh  
agus

Tuarascáil Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta

# Clár Ábhar

| Mír   | Leathanach |
|---|------------|
| <b>Giorrúcháin agus sainmhínithe</b>  | <b>2</b>   |
| <b>Céard is CORU ann?</b>   | <b>3</b>   |
| <b>2011 Léargas Achomair</b>  | <b>4</b>   |
| <b>1. Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh</b>                                      | <b>5</b>   |
| 1.1 Réamhrá an Chathaoirligh  | 5          |
| 1.2 Réamhrá an POF  | 6          |
| 1.3 Cúlra   | 7          |
| 1.4 Gníomhaíochtaí na Comhairle   | 9          |
| 1.4.1 Clárúchán   | 9          |
| 1.4.2 Oideachas   | 10         |
| 1.4.3 Seirbhísí Corparáideacha  | 10         |
| 1.4.4 Cumarsáid   | 11         |
| 1.4.5 Gníomhaíochtaí Eile   | 12         |
| 1.5 Cruinnithe agus Coistí na Comhairle in 2011   | 13         |
| <b>2. Tuarascáil Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta</b>   | <b>18</b>  |
| 2.1 Réamhrá an Chathaoirligh  | 18         |
| 2.2 Cúlra   | 19         |
| 2.3 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2011  | 20         |
| 2.3.1 Clárúchán   | 20         |
| 2.3.2 An tÚdarás Inniúil um Aithint Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stat                                    | 21         |
| 2.3.3 Oideachas   | 22         |
| 2.3.4 Cumarsáid   | 23         |
| 2.4 Cruinnithe agus Coistí na Comhairle in 2011   | 24         |
| <b>3. Aguisíní</b>  | <b>26</b>  |
| Aguisín 1: Baill den HSPC agus freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2011   | 26         |
| Aguisín 2: Cuspóirí agus Dualgais na Comhairle  | 29         |
| Aguisín 3: Ballraíocht de Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta agus freastal ar chruinnithe an Bhoird in 2011 | 30         |
| Aguisín 4: Cuspóirí agus Dualgais na mBord Cláraitheachta   | 32         |
| <b>4. Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011</b>   | <b>33</b>  |

## Giorrúcháin agus sainmhínte

---

|                           |  |
|---------------------------|--|
| <b>ACESA</b>              | Comhlachas na bPríomhfheidhmeannach Gníomhaireachtaí Stáit   |
| <b>Act</b>                | An tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005  |
| <b>Board</b>              | An Bord Cláraitheachta   |
| <b>CLEAR</b>              | An Chomhairle um Dheonú Ceadúnas, Forfheidhmiú agus Rialú  |
| <b>Committee</b>          | Coiste comhairleach na Comhairle/an Bhoird, ar a bhfuil ball den Chomhairle/Bhord ina c(h)athaoirleach, a dhéanann moltaí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle a dhéanfaidh cinneadh orthu  |
| <b>CORU</b>               | Bratchomhlacht atá freagrach as gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialú, lena n-áirítear an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na 12 bhord cláraitheachta atá le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 |
| <b>Council</b>            | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh   |
| <b>Department</b>         | An Roinn Sláinte (go dtí Márta 2011, an Roinn Sláinte agus Leanaí)   |
| <b>HIQA</b>               | An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte   |
| <b>HPC</b>                | An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte  |
| <b>HR</b>                 | Acmhainní Daonna   |
| <b>HSE</b>                | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte  |
| <b>HSCRF</b>              | An Fóram um Rialáil Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh   |
| <b>IASW</b>               | Comhlachas Oibreoirí Sóisialta Éireann ('Irish Association of Social Workers')   |
| <b>ICT</b>                | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide   |
| <b>IT</b>                 | Teicneolaíocht Faisnéise   |
| <b>Minister</b>           | An tAire Sláinte (go dtí Márta 2011, an tAire Sláinte agus Leanaí)   |
| <b>NISCC</b>              | Comhairle Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann  |
| <b>NSWQB</b>              | An Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta   |
| <b>PHECC</b>              | An Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal   |
| <b>Registrar</b>          | An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i bhfeidhmiú a cuid dualgas mar do na boird chláraitheachta   |
| <b>Registration board</b> | Bord aonair cláraitheachta le haghaidh ceann amháin de na gairmeacha a chuimsítear san Acht  |
| <b>SWRB</b>               | Bord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta  |
| <b>WTE</b>                | Coibhéis lán-aimseartha  |

## Céard is CORU ann?

---

Ón bhfocal “cóir” a chiallaíonn “cothrom”, “ceart” agus “cuí”, bratchomhlacht is iad CORU atá freagrach as an bpobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus inniúlacht ghairmiúil a chur chun cinn i ngairmithe ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tá siad freagrach don Aire Sláinte agus Leanáí.

Is éard atá in CORU an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh (an Chomhairle), a bunaíodh in 2007, agus na 12 bhord cláraitheachta a bheidh le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (an tAcht), lena mbaineann na gairmeacha a leanas:

|                             |                                  |
|-----------------------------|----------------------------------|
| Bithcheimiceoirí Cliniciúla | Fisiteiripeoirí                  |
| Diatéitigh                  | Síceolaithe                      |
| Eolaithe Míochaine          | Radagrafaithe                    |
| Teiripeoirí Saothair        | Oibreoirí Cúraim Shóisialta      |
| Ortoptaigh                  | Oibreoirí Sóisialta              |
| Coslianna                   | Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga |

Nuair a bheidh na 12 chlár a ainmnítear san Acht go hiomlán i bhfeidhm, beidh CORU, ina n-iomláine, freagrach as clárúchán breis agus 20,000 gairmí. Sa mhullach air sin, is spéis le 15 ghairm eile clárúchán reachtúil a bhaint amach le CORU.

Tá coinne leis go ndéanfar dhá eagraíocht eile, Bord na Radharcmeastóirí, a dhéanann radharceolaithe agus radharceolaithe dáilte a chlárú, agus an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil, a dhéanann teicneoirí éigeandála míochaine, paramhíochaineoirí agus ard-pharamhíochaineoirí, a chomhcheangal isteach in CORU go luath amach anseo. Tá gá athruithe reachtacha a dhéanamh chun an próiseas seo a thabhairt chun críche.

# 2011

## Léargas Achomair

---

- Osclaíodh Clár na nOibreoirí Sóisialta ag deireadh Bhealtaine, agus deonaíodh clárú do na chéad 31 iarratasóir i Meitheamh. Ar an iomlán, deonaíodh clárú do 154 iarratasóir le linn 2011.
- 
- Cuireadh trí fhodhlí chun éifeachta i Márta, a bhain leis an méid a leanas:
    - cáilíochtaí faofa le haghaidh oibreoirí sóisialta
    - iarratais ar chlárú
    - Cód Iompair Ghairimiúil agus Eitice le haghaidh Oibreoirí Sóisialta.
- 
- Rinneadh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d’Obair Shóisialta a dhíscaoileadh agus aistríodh a bhfoireann, réadmhaoin agus a ndliteanais chuig CORU.
- 
- Rinneadh an tÚdarás Inniúil as Bord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta le haghaidh obair shóisialta i bPoblacht na hÉireann faoi Threoir 2005/36/CE an AE. Le linn 2011, d’aithin an SWRB na cáilíochtaí, a baineadh amach lasmuigh den stát, a bhí ag 31 iarratasóir.
- 
- Tháinig méadú faoi shé ar líon na gcuairteoirí chuig láithreán gréasáin CORU.
- 
- Bhog CORU chuig áitreabh nua ag Cúirt an Rabhcháin in Áth an Ghainimh.
-

# 1 Tuarascáil na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

## 1.1 Réamhrá an Chathaoirligh

---

Ar son na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh ag CORU, is rí-dheas liom ár dtuarascáil bhliantúil don bhliain 2011 a chur i láthair, rinneamar dul chun cinn suntasach i dtreo ár gcuid cuspóirí a fhíorú – an pobal a chosaint trí chlárúchán reachtúil gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a bhunú.

Ar an ní is tábhachtaí, d’oscail Bord Clárúcháir na nOibreoirí Sóisialta (SWRB), a ceapadh in 2010 a gclár reachtúil ag deireadh Bhealtaine 2011, a bhuíochas le hobair dhíocasach a gcathaoirligh, an tOllamh Suzanne Quin, na mball eile den SWRB, príomhfheidhmeannach agus Chomhairle CORU agus na Roinne Sláinte. Déanann oscailt an chéid chlárú tús céim nua in obair CORU a mharcáil agus táimid ag tnúth le níos mó bord a cheapadh amach anseo go luath.

Thit díscáoileadh an Bhoird Cháilíochta Náisiúnta d’Obair Shóisialta (NSWQB) amach i Márta 2011. Ba mhian le CORU obair an NSWQB a aithint maidir le cáilíochtaí a aithint le haghaidh oibreoirí sóisialta agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán oideachais sna coláistí oiliúna. Bhain ardphiúntas leis an obair seo maidir le caighdeán a bhunú le haghaidh creatacháipéisí an SWRB agus le haghaidh ullmhúcháin eile d’obair Bhoird Chláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta.

I Márta, chuir leath de bhaill Chomhairle CORU a dtéarmaí oifige chun críche, agus ba mhian liom buíochas a ghlacadh leo go sollúnta, as ucht an mhéid a chuir siad le cúrsaí. Níor ceapadh baill nua ach i bhfad níos déanaí sa bhliain. Táim an-bhuíoch de na baill eile den Chomhairle a d’oibrigh gan staonadh le linn na hidirthréimhse lena chinntiú gur baineadh amach rialú agus ceanglais eile, a lig don fheidhmeannas a n-obair a chur chun cinn. Bhí rí-méid orainn ár mbaill agus ár mbreathnóirí nua den Chomhairle a fháiltiú i mí na Nollag. Déanfar baill den Chomhairle de na breathnóirí, a d’ainmnigh a gcomhlachtaí gairmiúla faoi seach, i ndiaidh leasuithe a dhéanfar amach anseo ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Ní bheadh oiread agus ceann amháin dár n-éachtaí in CORU inbhainte amach gan tiomantas agus dianobair bhaill na Comhairle ar leag a seirbhís dheonach ar choistí agus ar ghrúpaí oibre bonn chomh daingean sin faoin eagraíocht. Tacaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar aon lena foireann de bhaill thiomanta foirne leis an uile rud a dhéanann an Chomhairle agus cabhraíonn a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht linn go leor leor a bhaint amach.

Ina theannta sin, ba mhian liom ár mbuíochas leis an Aire Sláinte a chur in iúl as ucht na tacaíochta agus na comhairle a cuireadh ar fáil do CORU agus sinn ag tabhairt faoi fhorbairt in 2011 agus táimid ag tnúth le breis dul chun cinn in 2012.

Is deas liom a chur in iúl gur bhain an Chomhairle amach an uile cheanglas amach faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 le linn 2011. Sa mhullach air sin, bhí an Chomhairle go hiomlán comhlíontach i dtaobh cúrsaí cánach de, agus chomhlíon siad an Cód Cleachtais le haghaidh Rialáil Comhlachtaí Stáit.

Cuirim an tuarascáil seo faoi do bhráid lena breithniú agus táim ag dréim le bliain eile ian dtitfidh go leor eachtraí amach.



**Tom Jordan**, An Cathaoirleach

## 1.2 Réamhrá an POF

---

Amhail a thuairiscigh ár gCathaoirleach, d'éirigh le CORU dea-dhul chun cinn a dhéanamh in 2011 d'ainneoin cúinsí éilitheacha. Ba gharsprioc shuntasach oscailt an Chláir Oibreoirí Sóisialta ag deireadh Bhealtaine dúinn, agus táimid ag dréim le bunú na mbord eile cláraitheachta sna chéad bhlianta eile amach romhainn.

Thit oscailt an Chláir Oibreoirí Sóisialta amach i ndiaidh dhíscaoileadh an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta (NSWQB) i Márta 2011. Tá CORU buíoch den Uastal Eilís Walsh, Stiúrthóir, an tOllamh Máirtín Ó Fathaigh, Cathaoirleach, agus dá bhfoireann as ucht a ndianoibre agus ullmhúcháin á ndéanamh don athrú. Tá an t-ádh ar CORU gur aistrigh roinnt den fhoireann chuig ár seirbhís. Chuaigh an tUasal Walsh ar scor agus guímid gach rath uirthi amach anseo.

Mar phointe tosaigh dár n-obair, bhí sé d'ádh ar CORU bheith in ann dea-eiseamláirí de rialú a úsáid mar phointe tagartha ó áiteanna eile. Rinneadh iad seo a oiriúnú chun ár riachtanais shonracha a bhaint amach. Ba mhian linn buíochas a ghlacadh leis na rialtóirí sláinte agus cúraim shóisialta siúd, in Éirinn agus thar lear araon, a thacaigh le CORU. Ina theannta sin, d'oibrigh comhlachtaí agus ceardchumainn linn chun sinn a réiteach le haghaidh clárú, agus cuirimid ár mbuíochas in iúl dóibh.

Bainfidh ríthábhacht le héifeachtacht CORU maidir le feidhmiú gan stró na mbord cláraitheachta. Le linn 2011, rinneamar beartais agus nósanna imeachta a chur i gcrích i limistéir ríthábhachtacha ar nós cumarsáide, airgeadais, TFC agus AD, a rinne na cuspóirí a chuimsítear i ráiteas straitéise 2010-12 CORU a chur chun cinn. Cuireann bunú córais dhaingne bainistithe airgeadais, lena n-áirítear inúchadh inmheánach, ar chumas CORU chun na caighdeáin is airde de rialachas agus de thrédhearcacht chorparáideach a bhaint amach, agus chun luach ar airgead a sheachadadh le haghaidh cláraitheoirí agus an cháiniócóra. Nuair a bheidh an uile bhord cláraitheachta i mbun feidhme, rachaimid chun cinn agus bheith féinmhaoinitheach ar deireadh thiar.

D'aistrigh CORU chuig a láthair nua ag Cúirt an Rabhcháin, in Áth an Ghainimh i bhFeabhra agus ó shin i leith, d'éirigh leo a bhfoireann a fhairsingiú trí leas a bhaint as an scéim ath-implonaithe seirbhíse poiblí. Tá meas againn ar na scileanna a chuireann siad le forbairt CORU. Is mian linn buíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte agus leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí as ucht a gcabhrach sa phróiseas ath-implonaithe. Nuair a bheidh gach ceapachán críochnaithe beidh againn coibhnéis lánaimseartha WTE) 15 bhall foirne.

Ní bheimis in ann na héachtaí a bhain CORU amach a dhéanamh murach an dianobair a rinne go leor daoine mar aon leis an mórthacaíocht a thug siad. Ar son na heagraíochta, ba mhian liom fíor-bhuíochas a ghabháil leis an Roinn Sláinte, go háirithe, an tAonad um Rialú Gairmiúil, as oibriú linn agus as ár bhforbairt a thacú agus táimid ag dréim le leanúint leis an gcomhobair seo le linn 2012.

Sa mhullach air sin, ba mhian liom buíochas a ghlacadh le Cathaoirleach agus le baill den Chomhairle as ucht a dtreorach agus a dtacaíochta leanúnaí agus fiúntaí. Tá buíochas ar leith tuillte ag an Bord Chláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta as ucht an tiomantais agus na dúthrachta a chabhraigh leo a gclár a oscailt laistigh den amfhráma beartaithe.

Ar deireadh thiar, ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann in CORU a d'oibrigh gan stad gan staonadh le tabhairt faoinár sainchúram.

Tá CORU ag tnúth le bliain a bheidh chomh rathúil céanna in 2012.



**Ginny Hanrahan, POF**

## 1.3 Cúlra

---

Rinneadh an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 a rith in 2005. Déantar foráil san Acht le haghaidh córas rialála a bhunú do 12 ghairm shláinte agus chúraim shláinte. Is é an cuspóir an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shláinte. Seo a leanas iad:

- Bithcheimiceoirí Cliniciúla
- Diatéitigh
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Saothair
- Ortoptaigh
- Coslianna
- Fisiteiripeoirí
- Síceolaithe
- Radagrafaithe
- Oibreoirí Cúraim Shóisialta
- Oibreoirí Sóisialta
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga.

Ligeann an tAcht don Aire Sláinte agus Leanaí breis gairmeacha a chur le sainchúram CORU.

Ceapfaidh an tAire Sláinte bord cláraitheachta le tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais d'fhonn go ndéanfar gach ceann de na gairmeacha a rialú. Comhlachtaí neamhspleácha iad boird chláraitheachta ag a bhfuil síorchomharbas chomh maith lena séala féin.

D'fhonn bunú agus oibriú gan deacrachtaí an chórais rialála a bheartaítear a éascú, déantar foráil san Acht le haghaidh Comhairle neamhspleách a bhunú mar chomhlacht corparáideach. Beidh an Chomhairle, faoi dheoidh, féinmhaoinitheach nuair a bheidh na cláir arna mbunú agus nuair a bheidh siad i mbun feidhme. Baineann uathúlacht leis an gComhairle i gcóras reachtúil na hÉireann um ghairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta, de bharr gurb iad an t-aon rialtóir a dhéileálann le breis agus gairm amháin.


Is éard atá sa Chomhairle ionadaí amháin ó gach ceann de na gairmeacha a bheidh le rialú, chomh maith le tuata comhfhreagrach. Lena chinntiú go gcoimeádtar tromlach tuate, is ball tuata an Cathaoirleach chomh maith. Tá coinne le leasuithe reachtaíochta chun ligean d'ainmnithe gairmiúla suí ar an gComhairle in 2012. Sonraítear ballraíocht agus freastal na Comhairle ag cruinnithe na Comhairle i rith 2011 in Aguisín 1.

I measc ceann de phríomhfheidhmeanna na Comhairle tá maoirsiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí boird chláraitheachta chomh maith le hiad a chomhordú d'fhonn comhsheasmhacht a chinntiú sa chóras rialála. Sonraítear a gcuspóirí agus a ndualgais in Aguisín 2.



## Struchtúr na hEagraíochta

---



## 1.4 Gníomhaíochtí na Comhairle in 2011

---

### 1.4.1 Clárúchán

Tugann an tAcht freagracht do gach bord cláraitheachta as tabhairt faoi fheidhmeanna clárúcháin agus oideachais lena mbaineann an ghairm shonrach. Níl an Chomhairle freagrach go díreach as na feidhmeanna seo, agus ina ionad sin, tá acu na feidhmeanna maoirsithe agus comhordaithe ar an iomlán. Is sa chomhthéacs seo a eisíonn an Chomhairle treoirínte do bhoird chlárúitheachta, lena n-áirítear fodhlíthe a dhéanamh atá mar bhonn agus taca leis na riachtanais le haghaidh clárúcháin. Cinntíonn ról comhordaithe na Comhairle comhsheasmhacht sa chóras rialála.

I rith 2011, lean an Chomhairle ag oibriú ar fhorbairt agus ar nuashonrú creatlaí agus treoirínte le haghaidh boird chlárúitheachta. Sonraítear thíos na limistéir ba thábhachtaí a ndeachas i ngleic leo in 2011.

### Cód iompair agus eitice gairmiúla

D'fhaomhaigh an Chomhairle an fodhlí le haghaidh Cód Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh Oibreoirí Sóisialta i Márta 2011. Ní mór d'iaratasóirí ar chlárúchán dearbhú a shíniú gur léigh siad agus gur thuig siad an cód atá sonrach ó thaobh gairmeacha de agus aontú go gcomhlíonfaidh siad a bhfuil ann.

### Leasuithe reachtacha

D'oibrigh CORU go dlúth leis an Roinn Sláinte le dréachtleasuithe a athshainmhíniú ar an Act, a theastaíonn lena chur ar chumas ball gairmiúil a ionadú ar Chomhairle i ndiaidh go n-éagann a dtéarmaí oifige. Tá coinne le bille in 2012.

### Oiriúnacht chun cleachta

Lean an Chomhairle le hullmhúcháin a dhéanamh le tús a chur le nósanna imeachta um oiriúnacht chun cleachta, ar dócha go dtitfidh sé seo amach in 2013. Le himeacht ama, beidh seo ina chuid shuntasach d'obair na Comhairle.

### Struchtúr na dtáillí

Mar ullmhúcháin le haghaidh cláir a oscailt, thug an Chomhairle faoi anailís mhionsonraithe costais a chuir san áireamh an struchtúr rialála, an líon cláraitheoirí féideartha, dea-chleachtas idirnáisiúnta agus an gá le meicníocht chóir agus éifeachtach le déileáil le gearáin um oiriúnacht chun cleachta. Ar bhonn na hanailíse seo agus dul i gcomhairle leis an Aire, shocraigh an Chomhairle táillí iarratais ar chlárúchán agus táillí athnuachana. Agus seo á dhéanamh, chomhaontaigh an Chomhairle leis an bhféidearthacht a fhiosrú chun breis coigiltí costais a bhaint amach. Is é a d'eascair as seo breis athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúcháin na heagraíochta, a seachadadh don Roinn Sláinte tráth dheireadh na bliana. D'fhéadfadh breis laghduithe ar an táille bhliantúil athnuachana eascairt as na tograí a chuimsítear ann.

## 1.4.2 Oideachas

### Ceadú agus monatóireacht clár oideachais agus oiliúna

D'fhorbair an Chomhairle cáipéis le haghaidh soláthróirí oideachais, ina leagtar amach na critéir agus an próiseas monatóireachta lena mbainenan faomhadh clár agus caighdeán inniúlachta. Tá an cháipéis seo in ainm is cabhrú le soláthróirí réiteach a dhéanamh le haghaidh cuairteanna measúnaithe.

### Forbairt leanúnach ghairmiúil

Faoi Alt 27 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, bítear ag súil leis go dtabharfaidh boird chláraitheachta idir threoir agus tacaíocht do chláraitheoirí lena mbaineann forbairt leanúnach ghairmiúil (CPD). Le faomhadh na Comhairle, agus i gcomhréir le haon treoirlínte a d'fhéadfaidís a eisiúint, féadfaidh boird chláraitheachta fodhlíthe a dhéanamh maidir le ceanglais CPD chláraitheoirí den ghairm sin. In 2011, thosaigh an Chomhairle le creatlach chineálach a fhorbairt le haghaidh na scéime CPD, le hullmhú le haghaidh comhairliúcháin in 2012.

Ina theannta sin uile, d'oibrigh CORU le FSS chun próiseas a chur i dtoll a chéile le haghaidh CPD d'oibreoirí cúraim shóisialta, chun lámh chúnta a thabhairt don ghairm chun ullmhú le haghaidh clárúcháin.

## 1.4.3 Seirbhísí Corparáideacha

I rith 2011, chabhraigh feidhm sheirbhísí corparáideacha CORU le reáchtáil gan deacrachtaí na heagraíochta, trí dhéileáil le saincheisteanna airgeadais, soláthar foirne, acmhainní, TF agus rialála. Mar chuid dá bhfeidhm rialála, rinne an Chomhairle athbhreithniú agus nuashonrú ar an gCód Rialála Corparáidí ar aon dul le riachtanais na hearnála poiblí a bhí ag teacht chun cinn.

### Acmhainní daonna

Chuir an eagraíocht tús leis an mbliain le cúig phost bhuana, agus díscáileadh an NSWQB i Márta, rinneadh sé phost bhuana bhreise a aistriú chuig CORU agus rinneadh foireann a aistriú chuig an leath de na poist seo.

Níos déanaí sa bhliain, leithdháileadh líon foirne coibhéis lánaimseartha (WTE) 15 bhall foirne, agus tá na poist fholmha le líonadh trí ath-implonú na hearnála poiblí. Chuaigh ceathrar ball foirne sa bhreis le CORU tríd an mbealach seo in 2011, cé go raibh trí phost Ardoifigeach Feidhmiúcháin fós folamh ag deireadh na bliana.

## TFC

In 2011, bhronn an Chomhairle conradh le haghaidh córas TF a fhorbairt chun déileáil le próisis aitheantais, chlárúcháin, oideachais agus oiriúnachta chun cleachta CORU. Nuair a bheidh sé go homlán infheidhme, beidh ag CORU córas bunachar sonraí a bheidh in ann faisnéis chláraí a bhailiú, a stóráil agus a bhainistiú i gcomhréir le forálacha an Acht, mar aon le cruinneas na faisnéise a chinntiú, gníomh a laghdóidh na hamanna próiseála agus a dhéanfaidh iarratais ghairmithe a chuíchóiriú do na boird chlárúcháin faoi seach. Beidh iarratasóirí in ann clárúchán a dhéanamh ar líne. Ina theannta sin, beidh siad in ann a sonraí féin cuntais a choimeád agus a dtaifid a nuashonrú nuair a dhéanann siad a seoladh nó a bhfostóir a athrú. Beidh muintir an phobail in ann clárúchán a dhéanamh ar líne ar láithreán gréasáin CORU lena sheiceáil an bhfuil a ngairmí sláinte agus cúraim shóisialta cláraithe nó nach bhfuil. Tá coinne leis go rachaidh an chéad chéim den chóras beo faoi Mhárta 2012.

Sa mhullach air sin, in 2011, lean CORU lena straitéis TF a fhorbairt mar aon le beartais a chur i bhfeidhm atá dírithe ar dhea-rialáil TF a chinntiú. Ina theannta sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cosaint sonraí agus le saincheisteanna slándáil ríomhphoist.

## Cóiríocht

D'aistrigh CORU a n-oifigí go dtí oifig spásúil, gheal agus nua-aimseartha in Áth an Ghainimh i Márta 2011, agus níor chosnaigh sé seo faic sa bhreis ar an státchiste. D'fhág na tionónta deireanacha, an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) an foirgneamh in 2009.

## Seirbhísí comhroinnte

I rith 2011, chuaigh CORU i dteagmháil le comhlachtaí eile chun na féidearthachtaí a bhaineann le seirbhísí a chomhroinnt in airgeadas, TF, AD agus cumarsáid a fhiosrú. Mar thoradh ar an gcleachtadh seo, riarfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann párolla agus socruithe pinsin CORU, gan aon chostas breise ar an eagraíocht, ó thús 2012 i leith.

### 1.4.4 Cumarsáid

#### Láithreán Gréasáin

Ligeann láithreán gréasáin CORU ([www.coru.ie](http://www.coru.ie)) don eagraíocht cumarsáid éifeachtach a dhéanamh lena lucht leanta, agus acmhainn thábhachtach faisnéise a chur ar fáil le haghaidh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i gcomhthráth. In 2011, thug 1,500 ar an meán cuairt ar an láithreán gréasáin gach mí, agus bhí buaicfhigiúirí le sonrú i Márta agus i mBealtaine. B'ionann an meánfhigiúr seo agus sé huair níos mó ná figiúr na bliana 2010. Ba chuariteoirí nua iad breis agus leath de na cuairteoirí seo.

#### Sábháilteacht othar

Cuireann an aird a thugann CORU ar shábháilteacht othar faisnéis ar fáil dá n-obair go léir. Bhí an eagraíocht bainteach in 2011 le [www.healthcomplaints.ie](http://www.healthcomplaints.ie) a fhorbairt agus shínigh siad leis nuair a bhí sé infheidhme san fhómhair.

Cuirtear faisnéis ar fáil ar láithreán gréasáin [healthcomplaints.ie](http://healthcomplaints.ie) don phobal faoi conas gearán a dhéanamh nó conas aiseolas a thabhairt ar sheirbhís cúram sláinte nó cúraim shóisialta in Éirinn. Tá POF CORU ina chathaoirleach ar a gcoiste rialála.

### 1.4.5 Gníomhaíochtaí Eile

#### Aistriú eagraíochtaí eile chuig CORU

Ar aon dul le ceanglais an Achta, aistríodh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta (NSWQB) chuig CORU i Márta 2011. Tá reachtaíocht á dréachtú ag an Roinn Sláinte faoi láthair d'fhonn aistriú an Bhord Radharcmeastóirí a éascú, a dhéanann optaiméadraithe agus radharceolaithe a rialú. Faoi réir athbhreithniú an rialtais, d'fhéadfadh go mbeadh an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéal (PHECC), a dhéanann teicneoirí éigeandála míochaine, paramhíochaineoirí agus ard-pharamhíochaineoirí a rialú, a aistriú chuig CORU.

#### An Caidreamh idir Boird Cláraitheachta agus an Chomhairle

Baineann gné uathúil le CORU de bharr go bhfuil ag an gComhairle feidhm mhaoirseachta agus chomhordaithe ar na boird chláraitheachta, ar comhlachtaí corparáideacha iad ina gceart féin. Ciallaíonn seo go mbaineann ríthábhacht le soiléireacht in léiriú oibreacha praiticiúla an chaidrimh seo. Tráth dheireadh na bliana, rinne an Chomhairle agus Bord Cláraitheachta na nOibreoírí Sóisialta athbhreithniú ar an gcáipeis inar léirigh siad a gcaidreamh agus ina ndearna siad mionleasuithe.

#### Comhoibriú le gairmeacha agus le rialtóirí eile sláinte agus cúraim shóisialta

Tugann rannpháirtíocht CORU i réimse comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta rochtain don eagraíocht ar réimse fairsing agus ábhartha tacaíochta, eolais, faisnéise agus saineolais fairsing i rialáil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta atá faoina sainchúram a fhorbairt.

Sa Phoblacht, lean CORU lena naisc le rialtóirí eile sláinte agus cúraim shóisialta trína rannpháirtíocht san Fhóram Rialála um Shláinte agus Cúraim Shóisialta (HSCRF). Ina theannta sin, rinne siad ionadaíocht do Ghrúpa Náisiúnta Comhairleach FSS um Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlach. In 2011, rinne an POF ionadaíocht don eagraíocht ar Ghrúpa Oibre Comhairleach Chaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí an HIQA, a chuir a n-obair i gcrích tráth dheireadh na bliana.

In 2011, lean CORU lena mbaint leis an gComhairle um Ghairmithe Sláinte (HPC) sa RA, a dhéanann 16 ghairmí a rialáil, lena n-áirítear 10 díobh siúd atá sannta san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, agus le Comhairle Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann (NISCC), atá freagrach as clárú oibreoírí sóisialta agus oibreoírí cúraim shóisialta i dTuaisceart Éireann.

Ar leibhéal an AE, in 2011, lean CORU bheith rannpháirteach le Gairmithe Sláinte a Thrasnaíonn Teorainneacha 'Health Professionals Crossing Borders', a oibríonn le gluaiseacht na ngairmithe ar fud na hEorpa a éascú. D'fhreagair CORU ar thograí le haghaidh athruithe ar an Treoir Cháilíochtaí Gairmiúla a bhféadfadh impleachtaí bheith aige d'aithint cáilíochtaí idirnáisiúnta.

Déantar ionadaíocht do CORU ar Ghrúpa Comhairleach Idirnáisiúnta na Comhairle um Cheadúnú, Forfheidhmiú agus Rialáil (CLEAR), atá bunaithe i SAM, a chuireann sármhaitheas rialála chur cinn go hidirnáisiúnta.

I rith 2011, chuir foireann CORU breis agus 25 páipéar faoi bhráid comhdhálacha gairmiúla, ceardchumann agus cúrsaí oideachais, mar aon le hailt a chur faoi bhráid go leor nuachtlitreacha gairmiúla.

Sa mhullach air sin, d'fhonn lámh chúnta a thabhairt do chomhlachtaí gairmiúla chun ullmhú le haghaidh clárúcháin, bhí cruinnithe ar siúl leis Comhlachas Oibreoírí Sóisialta na hÉireann, Institiúid Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta na hÉireann, Cumann Síceolaithe na hÉireann, Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann, Comhlachas Teiripeoirí Saothair na hÉireann agus Cúram Sóisialta Éireann.

## 1.5 Cruinnithe agus Coistí na Comhairle in 2011

---

Thionóil Comhairle CORU seacht n-uaire in 2011. Agus anuas air sin, sheirbheáil na baill ar choistí na Comhairle (feic thíos). Feic Aguisín 1, le haghaidh sonraí faoi fhreastal ar chruinnithe na Comhairle.

Cuireadh deireadh le téarmaí oifige go leor ball den Chomhairle i Márta 2011. Níorbh fhéidir iad a ionadú, mar gheall ar fhadhbanna leis an reachtaíocht, agus bhí ar an gComhairle feidhmiú ach le seachtar ball don chuid is mó d'fhuilleach na bliana. Cheap an tAire cúigear ball nua ar an gComhairle i Samhain agus rinne siad 12 bhreathnóir a ainmniú. Bainfidh na hionadaithe gairmiúla seo stádas ballraíochta iomláine amach ar leasú an Achta.

Ag deireadh 2011, bhí ceithre choiste ag an gCoiste a dhéileálann leis an méid:

- airgeadas agus iniúchadh ar acmhainní
- iniúchadh, riosca agus rialáil
- clárúchán agus oideachas
- oiriúnacht chun cleachta.

Díríodh obair na ngoistí go príomha ar shaincheisteanna a chur chun cinn lenar bhain clárúchán, oideachas agus tacaíocht chorparáideach, amhail a shonraítear i Mír 1.3 den tuarascáil bhliantúil seo.

### **Eochair maidir le freastal ar chruinnithe :**

√: Arna fhreastal   X: leithscéalta nó as láthair   N: Ní ball den choiste é/í

### **An Coiste Airgeadais agus Acmhainní**

Chuaigh an Coiste Airgeadais agus Luach Saothair as feidhm nuair a d'éag téarmaí oifige a mball ar an gComhairle i Márta 2011. Ceapadh an Coiste Airgeadais agus Acmhainní a athchumraíodh agus a athainmníodh i nDeireadh Fómhair 2011.

**Feidhm:** Chun maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais agus riachtanais acmhainní CORU.

**Ballraíocht:** Pat Quinlan (Cathaoirleach a fhad le Márta, gnáthbhall ó Dheireadh Fómhair ar aghaidh), Dorothy Donovan (Cathaoirleach ó Dheireadh Fómhair), Tony Darmody, Martin Higgins (ó Dheireadh Fómhair), Mitchel Fleming (a fhad le Márta), Jacqui Barry O'Crowley (a fhad le Márta).

### **Príomhghníomhaíochtaí in 2011:**

An plean bliantúil gnó agus an buiséad bliantúil arna bhforbairt. Bhunaigh an Chomhairle a bplean bliantúil ar Dheontas €1.414 milliún a leithdháil an tOireachtas le haghaidh 2011. Ar a shon sin, ba é €1.212 milliún an deontas a fuarthas i nDeontas an Oireachtais.

Ina theannta sin, thug an Coiste faoin méid a leanas:

- athbhreithniú ar dhréachtchuntais le haghaidh 2010
- athbhreithniú ar dhréachbhuiséad le haghaidh 2011
- athbhreithniú agus moladh a thabhairt ar ghlacadh na tuarascála pleanála um lucht saothair
- athbhreithniú agus moladh a thabhairt maidir le glacadh leis an sceideal táillí a bheartaítear le haghaidh athbhreithniú CORU
- athbhreithniú ar shócmhainní le haghaidh an NSWQB
- maoirsiú ar léas agus ar athlonnú CORU chuig a n-áitreabh nua in Áth an Ghainimh
- athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar théarmaí tagartha
- athbhreithniú a dhéanamh ar dhréachtphlean buiséid agus gnó le haghaidh 2012.

**Freastal:**

| <b>Ainm</b>  | <b>An 23 Fea*</b> | <b>An 10 Samh**</b> |
|--|-------------------|---------------------|
| Jacqui Barry O’Crowley                                 | √                 | N                   |
| Tony Darmody   | √                 | √                   |
| Dorothy Donovan<br>(Cathaoirleach ó Dheireadh Fómhair) | N                 | √                   |
| Mitchel Fleming  | √                 | N                   |
| Martin Higgins   | N                 | √                   |
| Pat Quinlan<br>(Cathaoirleach a fhad le Márta)         | √                 | √                   |

\* amhail an Coiste Airgeadais agus Luach Saothair (arna dhíscaoileadh i Márta 2011)

\*\* trí theileachomhdháil

## An Coiste Iniúchta, Riosca agus Rialála

**Feidhm:** Athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus iomláine chórais airgeadais, rialaithe inmheánaigh agus faisnéise oibríochtúla, athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis rialachais chorparáidigh agus ar chórais bhainistíochta riosca.

**Ballraíocht:** Sharon Foley (Cathaoirleach), Tim Dalton, Vincent McCabe, Stephen McMahon.

### Príomhghníomhaíochtaí in 2011:

- Maoirsiú a dhéanamh ar an bplean agus ar an amfhráma d'fhoirceannadh ordúil airgeadais an NSWQB
- Athbhreithniú agus faomhad chuntais 2010 agus cruinniú a thionól leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le plé a dhéanamh ar riachtanais iniúchta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus ar TF, agus ar an gcreatlach ar a bhfuil athbhreithniú iniúchta inmheánaigh le déanamh
- Moladh don Chomhairle maidir leis na dréachtrialacha maidir le híocaíocht táillí clárúcháin agus an próiseas le haghaidh comhairliúchán poiblí
- Próiseas a fhorbairt le haghaidh chur i gcrích chuntais dheireadh na bliana
- Athbhreithniú bliantúil ar an gCód Rialachais Chorparáidigh
- Athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta airgeadais a bhfuil bunús leo
- An clár riosca a nuashonrú agus a athbhreithniú
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar théarmaí tagartha le haghaidh coistí.

### Freastal:

| Name                            | An 28 Fea | An 31 Lún | An 5 D.F. | An 16 Samh |
|---------------------------------|-----------|-----------|-----------|------------|
| Tim Dalton                      | √         | √         | √         | √          |
| Sharon Foley<br>(Cathaoirleach) | √         | √         | √         | √          |
| Vincent McCabe                  | √         | √         | √         | X          |
| Stephen McMahon                 | √         | X         | X         | √          |



## An Coiste Clárúcháin agus Oideachais

**Feidhm:** Chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais agus le nósanna imeachta maidir le clárúchán agus le hoideachas.

**Ballraíocht:** Ann Taylor (Cathaoirleach), Odhrán Allen, Monica Egan, Lorraine Horgan, Maeve Murphy, Jackie Reed.

D'imigh an Coiste Clárúcháin agus an Coiste Oideachais agus Oiliúna as feidhm nuair a cuireadh deireadh le téarmaí oifige na mball i Márta 2011. Chruthaigh an Chomhairle Coiste Clárúcháin agus Oideachais i dtreo dheireadh na bliana. Bhí cruinniú amháin ag an gcoiste ina ndearnadh:

- athbhreithniú agus moltaí ar leasuithe ar fhoirm iarratais agus ar nótaí teorach reatha na gcleachtóirí
- athbhreithniú agus moltaí ar leasuithe ar na creatChritéir agus na creatChaighdeáin Inniúlachta le haghaidh cháipéis an Chláir Oideachais agus Oiliúna
- athbhreithniú agus moltaí ar leasuithe ar cháipéis an Phróisis Faofa agus Mhonatóireachta
- treoir a fhorbairt ar na critéir agus na caighdeáin inniúlachta le haghaidh clár oideachais agus oiliúna
- tús a chur le riachtanais CPD a fhorbairt
- athbhreithniú agus moltaí ar chlár le haghaidh ionductú na Comhairle agus ball den Bhord Cláraitheachta.

### Freastal:

| Name                       | An 14 Samh |
|----------------------------|------------|
| Odhrán Allen               | √          |
| Monica Egan                | √          |
| Lorraine Horgan            | √          |
| Maeve Murphy               | √          |
| Jackie Reed                | √          |
| Ann Taylor (Cathaoirleach) | √          |

## An Coiste um Oiriúnacht chun Cleachta

**Feidhm:** Chun creatlach um Oiriúnacht chun Cleachta a fhorbairt, lena n-áirítear treoir a eisiúint ar an gCód Iompair agus Eitice Gairmiúla, moladh a thabhairt ar fhorbairt beartais, agus saincheisteanna a shainaithint in ábhair lena mbaineann oiriúnacht chun cleachta.

**Ballraíocht:** Monica Egan (Cathaoirleach a fhad le Márta), Dorothy Donovan (Cathaoirleach ó Mheitheamh i leith), Fionnuala Cook (ó Mhárta), Patricia Godwin (ó Mhárta) Jill Long, Patricia O'Connor (a fhad le Márta), David Power.

### Príomhghníomhaíochtaí in 2011:

- Rinneadh breithniú agus moltaí a thabhairt ar fhaomhadh an Chóid Iompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh Oibreoirí Sóisialta
- Comhairle dlí arna coimisiúnú agus breithniú ar nósanna imeachta le haghaidh achomharc chuig an gComhairle ó chinneadh bord clárúcháin chun diúltú chun iarratasóir a chlárú.

### Freastal:

| Ainm  | An 14 Már | An 23 Bea | An 27 Mei |
|---|-----------|-----------|-----------|
| Fionnuala Cook                                  | N         | √         | √         |
| Dorothy Donovan<br>(Cathaoirleach ó Mheitheamh) | √         | X         | √         |
| Monica Egan<br>(Cathaoirleach a fhad le Márta)  | √         | √         | √         |
| Patricia Godwin                                 | √         | N         | N         |
| Jill Long                                       | √         | √         | √         |
| Patricia O'Connor                               | X         | N         | N         |
| David Power                                     | X         | X         | X         |

## 2. Tuarascáil Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta

### 2.1 Réamhrá an Chathaoirligh

---

Is rí-dheas liom an dara Tuarascáil Bhliantúil seo de Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta (SWRB) a chur i láthair, a chuimsíonn gníomhaíochtaí an SWRB ina gcéad bhliain iomlán i mbun feidhme, i ndiaidh a gceapcháin i Lúnasa 2010 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Gan amhras, ba é an rud ba thábhachtaí a baineadh i mbliana oscailt Chlár na nOibreoirí Sóisialta an 31 Bealtaine 2011. Deonaíodh clárúchán do na chéad chleachtóirí i Meitheamh agus, nuair a chríochnóidh an t-aistriú dhá bhliain nó an tréimhse “um leithdháileadh cúnaimh” (‘grandparenting’) ag deireadh Bhealtaine 2013, beidh thart ar 2,700 cleachtóir oibre sóisialta i bPoblacht na hÉireann ar Chlár na nOibreoirí Sóisialta. Ba mhian liom mo bhuíochas a chur in iúl i leith obair fhíor-fhiúntach an Choiste Clárúcháin Oibre Sóisialta maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar iarratais ar chlárú sula ndéantar iad a mholadh don Bhord.

Sular osclaíodh iad, d’oibrigh an Bord go dícheallach lena chinntiú go raibh gach rud i bhfeidhm d’fheidhmiú gan deacrachtaí an Chláir. I ndiaidh obair fhairsing ullmhúcháin in 2010, tháinig trí fhodhlí i bhfeidhm maidir le hiarratais ar chlárúchán, tháinig an cód iompair agus cáilíochtaí faofa i bhfeidhm go déanach i Márta 2011. Ina theannta sin, dhéileáil an Bord leis an tsaincheist lenar bhain critéir agus caighdeáin inniúlachta a shocrú le haghaidh clár oibre sóisialta agus faomhadh, monatóireacht agus aithint cáilíochtaí chomhghaolmhar a bhfuil a sealbhóirí i dteideal iarratas a dhéanamh ar chlárúchán. Ba mhian liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gCoiste Stiúrtha Oideachais as ucht na hoibre a rinne siad ar na saincheisteanna seo.

B’imeacht mór díscáileadh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d’Obair Shóisialta (NSWQB) ag deireadh Mhárta sular osclaíodh Clár na nOibreoirí Sóisialta. Gabhaim buíochas le gach duine a bhíodh san NSWQB a d’oibrigh go comhoibreoiríach le CORU le haistriú gan deacrachtaí a chinntiú.

I Márta 2011, rinneadh an tÚdarás Inniúil de Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta i bPoblacht na hÉireann faoi Threoir 2011/2005/CE an AE, a d’ionadaigh an NSWQB san fheidhm sin. Chaith an Bord am le beartais agus le nósanna imeachta a fhorbairt ina leith seo: de bharr go ndéantar breithniú ar iarratais ar bhonn cás ar chás, is ann do go leor oibre nach mór a dhéanamh sula ndéantar gach iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird le cinneadh a dhéanamh air. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don Choiste Cáilíochtaí Neamhnáisiúnta (atá le hathainmniú mar an gCoiste idirnáisiúnta i bhFeabhra 2012) as ucht a n-oibre.

Ar an iomlán, d’oibrigh an Bord go dian agus go maith le linn 2011. Ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis na baill as ucht a n-iarrachtaí uile, agus ba mhian liom buíochas a chur in iúl do Chathaoirleach agus do bhaill na Comhairle agus d’fheidhmeannas CORU as ucht a gcabhrach agus a dtacaíochta.

Táim ag súil le bliain spreagúil in 2012.



**Suzanne Quin** An Cathaoirleach

## 2.2 Cúlra

---

I Lúnasa 2010, rinneadh Bord Cláraitheachta na nOibreoírí Sóisialta (SWRB) an chéad cheann de 12 bhord le bunú faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Is é a gcuispóir chun “an pobal a chosaint trí ardchaighdeán iompair, oideachais, oiliúna agus inniúlachta gairmiúla a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairme sin”.

Tá sa Bhord 13 bhall, agus fhaigheann aon duine díobh luach saothair. Baill “tuata” iad seachtar díobh (ní oibreoírí sóisialta iad), agus is ainmnithigh ghairmiúla seisear díobh, a dhéanann ionadaíocht do theagascóirí, bainisteoirí agus oibreoírí sóisialta a chuireann seirbhísí túslíne ar fáil. Tá sonraí faoi bhallraíocht an Bhoird in Aguisín 3, agus tá cuspóirí agus dualgais na mbord clárúcháin, amhail a leagtar amach iad san Acht le fáil in Aguisín 4.

I rith 2011, dhírigh an Bord ar a bpríomhfheidhmeanna, is é sin:

- clár ball de ghairm na hoibre sóisialta a bhunú agus a choimeád, lena n-áirítear deimhnithe clárúcháin a eisiúint
- cláir a fhaomhadh d’oideachas agus d’oiliúint iarratasóirí le haghaidh clárúcháin
- monatóireacht, i gcomhréir leis an Acht, ar oiriúnacht leanúnach na gclár oideachais agus oiliúna seo.

D’oscail an Bord an clár le haghaidh oibreoírí sóisialta i mBealtaine 2011, agus rinne siad tabhairt isteach clárúchá reachtúil oibreoírí sóisialta i bPoblacht na hÉireann a mharcáil. Deonaíodh clárúchán do na chéad 31 iarratasóir i Meitheamh agus bhí 154 duine ar an iomlán ar Chlár na nOibreoírí Sóisialta ag deireadh na bliana. Léiríonn an clár faisnéis shonrach ar gach cláraitheoir agus tá fáil air lena fheiceáil ar láithreán gréasáin CORU.

Cuid an-tábhachtach de bhaint amach an chuspóra lena mbaineann an pobal a chosaint is ea feidhniú an chlár. Sula n-iontráiltear ainm iarratasóra ar an gclár, ní mór don Bhord bheith sásta go bhfuil iarratasóir ‘oiriúnach agus cuí’ le tabhairt faoi chleachtadh na gairme sin, go bhfuil acu leibhéal faofa eolais ar theanga a theastaíonn chun cleachtadh mar oibrí sóisialta in Éirinn, agus go bhfuil cáilíocht fhaofa acu nó gur éirigh leo measúnú a chríochnú ar inniúlacht ghairmiúil. Ní mór do gach oibriu sóisialta atá i mbun cleachta bheith ar an gclár faoi dheireadh Bhealtaine 2013, i ndiaidh tréimhse “um leithdháileadh cúnaimh” dhá bhliain a thugann an deis do gach cleachtóir reatha chun iarratas a dhéanamh ar an mBord le haghaidh clárúcháin. I ndiaidh an dáta sin, beidh an teideal “oibrí sóisialta” á chosaint agus ní bheidh ach daoine atá ar an gclár é a úsáid.

## 2.3 Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2011

---

### 2.3.1 Clárúchán

#### Fodhlíthe

Cuid lárnach de réiteach an chlárúcháin is ea fodhlíthe a dhéanamh le tacú leis an bpróiseas clárúcháin. Ag tús 2011, bhí comhairliúchán á dhéanamh ag an mBord ar thrí dhréacht-fhodhlí, lenar bhain:

- iarratas ar chlárúchán, an fhaisnéis a liostaíl ar gá d'iarratasóirí a chur isteach
- Cód Iompair agus Eitice Gairimiúla le haghaidh Oibreoirí Sóisialta
- cáilíochtaí faofa le haghaidh oibreoirí sóisialta, ina liostaítear naoi gcáilíocht fhaofa a cheaptar a bhainfidh an caighdeán oilteachta amach a theastaíonn le haghaidh clárúcháin.

Fuarthas go leor aighneachtaí oiriúnacha, go háirithe maidir leis an dréachtchód iompair. Leasaigh agus d'fhaomhaigh an Chomhairle na cáipéisí, agus tháinig siad i bhfeidhm i Márta 2011.

#### Ceanglais um iarratas ar chlárúchán

D'fhorbair an Bord nótaí cuimsitheacha teorach a bhí in ainm is cabhrú le hiarratasóirí a bhfoirmeacha iarratais ar chlárúchán a chomhlánú. Bhí seisiúin mhínithe chruinniú faisnéise ar siúl i rith na bliana go léir, a thug breac-chuntas ar an bpróiseas agus a thug treoir ar shaincheisteanna clárúcháin. Tá roinnt de na príomh-shaincheisteanna le sonrú thíos.

#### “Oiriúnach agus cuí”

Ní mór do gach iarratasóir ar chlárúchán an SWRB a shásamh go bhfuil siad “oiriúnach agus cuí” chun bheith ag cleachtadh mar oibreoirí sóisialta. Is éard atá i gceist leis an sannadh seo dhá ghné – sláinte agus carachtar. Ceanglaíonn an Bord ar gach iarratasóir tabhairt faoi ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, chun dearbhuithe a dhéanamh maidir le sláinte agus le carachtar agus chun an dearbhú reachtúil a chomhlánú. Déanann Coiste Clárúcháin an SWRB breithniú ar dhearbhuithé agus ar fhaisnéis a dhéanann Aonad Grinnfhioscrúcháin an Gharda Síochána a nochtadh maidir le hoiriúnacht agus le hionracas iarratasóirí. Cé nach ndéanann an coiste moltaí faoi iarratasóirí aonair, féadfaidh siad gníomhartha a mholadh a ghlacfaidh an Bord, ar nós iarraidh ar shoiléiriú agus/nó ar bhreis faisnéise, sula ndéantar moladh maidir le clárúchán a dheonú nó a dhiúltú. Óir go bhfuil an clár oscailte, d'eascair ceisteanna faoi oiriúnacht agus faoi ionracas i líon faoi bhun 6% de na hiarratais.

#### Cleachtóirí reatha

Mar ullmhúchán d'oscailt an chlár i mBealtaine 2011, d'fhorbair an Bord beartas agus próisis chun na forálacha a chur i bhfeidhm le haghaidh na tréimhse aistrithe ar a dtugtar “leithdháileadh cúnaimh”. Ní mór go raibh aon duine a chuireann iarratas isteach faoin bhforáil um leithdháileadh cúnaimh ag oibriú i gcleachtas na gairme le linn na gcúig bliana sular osclaíodh an clár i mBealtaine 2011. Ní mor d'iarratasóirí ráiteas a chur ar fáil don bhord clárúcháin i leith a gcleachtais, arna dheimhniú ag a bhfostóir, a léiríonn go raibh siad ag oibriú i gcleachtadh na gairme. Ina theannta sin, cuireann leithdháileadh cúnaimh meicníocht ar fáil chun cleachtóirí reatha nach bhfuil acu cáilíocht fhaofa a chlárú má éiríonn leo measúnú ar inniúlacht ghairmiúil a chomhlánú. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh thart ar 2,500 oibrí sóisialta iarratas ar chlárúchán tríd an mbealach reatha cleachtóra faoi Bhealtaine 2013, nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse um leithdháileadh cúnaimh.

## Inniúlacht teanga

Ní mór d'iarratasóirí atá i mbun cleachta in Éirinn an SWRB a shásamh go bhfuil acu dóthain inniúlachta i dteanga a theastaíonn chun bheith ag cleachtadh mar oibrí sóisialta sa stát. Mura Béarla céadteanga iarratasóra, ní mór dó nó di fianaise a chur ar fáil den inniúlacht chuí teanga trí cheann de na nithe seo a leanas a sholáthar:

- cóip den cháilíocht a baineadh amach i dteanga an Bhéarla
- cóip den cháilíocht a baineadh amach a fhianaíonn eolas ar theanga an Bhéarla
- fianaise i leith taithí ghairmiúil roimhe seo in Éirinn.

Murar féidir leo aon cheann díobh seo a sholáthar, d'fhéadfadh go mbeadh orthu tabhairt faoi thástáil i leith inniúlacht theanga an Bhéarla trí leas a bhaint as an gCóras Idirnáisiúnta Tástála Theanga an Bhéarla (IELTS) nó an Tástáil an Bhéarla mar Theanga lasachta (ToEFL), ar córais idirnáisiúnta tástála theanga an Bhéarla iad araon as a mbaintear úsáid fhairsing. Is iad na bunchritéir a shocraítear le haghaidh oibreoirí sóisialta scór íosta 7.0 (gan aon ghné faoi bhun 6.5) san IELTS agus scór íosta 100/120 sa ToEFL atá bunaithe ar an idirlíon.

## Cód lompair agus Eitice Gairmiúla

Bunaithe ar an gCreatlach um Chód Coitianta lompair agus Eitice Gairmiúla atá faofa ag an gComhairle, leagtar amach sa Chód lompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh Oibreoirí Sóisialta an t-iompar agus na caighdeáin feidhmíochta lena bhfuil coinne i measc cláraithe i limistéir ar nós meas a bheith ar chearta agus ar dhínit úsáideoirí seirbhíse, cuntasáocht ghairmiúil a léiriú, gníomhú ar mhaithe le leas úsáideoirí agus taifid chruinne a choimeád. Cuireadh an fodhlí le haghaidh an Chóid lompair agus Eitice Gairmiúla le haghaidh Oibreoirí Sóisialta i bhfeidhm i Márta 2011. Ní mór d'iarratasóirí ar chlárúchán dearbhú a shíniú gur léigh siad agus gur thuig siad an cód atá sonrach ó thaobh gairmeacha de agus aontú go gcomhlíonfaidh siad a bhfuil ann. D'fhéadfadh éisteacht um oiriúnacht le cleachtadh eascairt má theipeann ar chleachtóir cloí leis an gCód.

### 2.3.2 An tÚdarás Inniúil um Aithint Cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát

I Márta 2011, rinneadh an SWRB an tÚdarás Inniúil le haghaidh obair shóisialta i bPoblacht na hÉireann faoi Threoir 2011/2005/CE an AE, agus an NSWQB á n-ionadú san fheidhm sin. Sula gcuireann sealbhóirí cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de Phoblacht na hÉireann isteach ar chlárúchán, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh ar an SWRB le haghaidh aithint a gcáilíochtaí, ar a ndéantar measúnú i leith na gcaighdeán inniúlachta a theastaíonn le haghaidh cáilíochtaí a baineadh amach sa stát. Déanann Coiste Cáilíochtaí Neamhnáisiúnta an Bhoird moltaí ar aithint nó ar dhiúltú iarratas aonair nó, má bhraitear easnamh, ar bhearta cúitimh a bhfuil ar an iarratasóir tabhairt fúthu.

A fhad le deiradh 2011, d'aithin an SWRB cáilíochtaí 31 iarratasóir le cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den stát, agus rinne siad beirt iarratasóirí a dhiúltú agus mhol siad bearta cúitimh (tréimhse oiriúnaithe nó tástáil chumais) le haghaidh deichniúr iarratasóirí.

## Achoimre ar cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh den Stát ar a ndearnadh measúnú in 2011

| Stádas                     | Iomlán |
|----------------------------|--------|
| Iarratas Déanta            | 44     |
| Próiseáilte                | 44     |
| Aitheanta                  | 31     |
| Bearta cúitimh arna moladh | 10     |
| Gan Mholadh                | 2      |
| Ar Feitheamh               | 1      |

Ina theannta sin, d'aithin an Bord cáilíochtaí cúigear iarratasóirí a chríochnaigh bearta cúitimh a theastaigh ón NSWQB nuair ba iad Údarás Inniúil na hÉireann. Ní mór do shealbhóirí cáilíochtaí aitheanta iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus gach ceanglas clárúcháin eile a bhaint amach sular féidir leo an teideal “oibrí sóisialta” a úsáid.

### 2.3.3 Oideachas

Ar cheann de na chéad tascanna a bhí roimh an mBord nuabhunaithe bhí pleanáil a dhéanamh chun an t-aistriú ó chóras bronnta agus creidiúnaithe cáilíochtaí le haghaidh oibreoirí sóisialta gairmiúla chuig córas clárúchán reachtúil oibreoirí sóisialta agus faomhadh, monatóireacht agus aithint ghaolmhar a gcáilíochtaí. Mar ghné bhunúsach san aistriú seo bhí díscáoileadh, faoin Acht, an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d’Obair Shóisialta (NSWQB). D’éascaigh comhoibriú dlúth idir an SWRB agus an NSWQB aistriú gan stró. Rinne an tAire an NSWQB a dhíscáoileadh ag deireadh Mhárta 2011.

Bhí an SWRB ag plé leis an tsaincheist lena mbaineann cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu in 2011. B’ann do chomhairliúchán fairsing le geallsealbhóirí agus rinneadh go leor oibre eile agus na critéir agus na caighdeáin oilteachta a shocrú le haghaidh cláir oibre sóisialta. Rinneadh creatlacha na Comhairle a shaindhearadh chun freastal ar riachtanais ghairm na hoibre sóisialta. Ní mór do gach soláthraí cláir oideachais agus oiliúna dearbhú gach dhá bhliain go gcomhlíonann siad na critéir agus na caighdeáin oilteachta, agus tabharfaidh an SWRB faoi athbhreithniú iomlán ar an gclár uair amháin gach cúig bliana, lena n-áirítear cuairt a thabhairt ar an suíomh. In 2011, d’fhorbair an Bord sraith cáipéisí léarscáilithe agus treoracha le haghaidh soláthróirí oideachais ar an bpróiseas faofa agus monatóireachta.

## Bunú painéal measúnóirí

D'fhaomhaigh an Chomhairle ceapadh painéal measúnóirí le cúnamh a thabhairt don SWRB maidir leis an méid a leanas:

- measúnuithe ar inniúlacht ghairmiúil
- tréimhse na dtuarascálacha oiriúnaithe
- tástálacha cumais agus faomhadh
- monatóireacht ar chláir oideachais agus oiliúna.

Rinneadh cuirí a eisiúint inar iarradh ar léiriú spéise ó chleachtóirí agus ón lucht teagaisc chun páirt a ghlacadh ar an bpainéal measúnóirí. Tá sé i gceist ag an mBord an painéal a fhairsingiú le muintir an phobail, úsáideoirí seirbhíse agus fostóirí a áireamh in 2012.

### 2.3.4 Cumarsáid

Bhí a gcéad chruinniú oifigiúil ag cathaoirligh na Comhairle agus SWRB, i gcuideachta POF CORU, le Comhlachas Oibreoirí Sóisialta na hÉireann (IASW) i nDeireadh Fómhair. Ina theannta sin, chas feidhmeannach CORU leis an IASW agus le grúpaí eile d'oibreoirí sóisialta, ar nós oibreoirí sóisialta den údarás áitiúil agus iad siúd a bhí ag oibriú le daoine bodhra, chun iad a chur ar an eolas faoina dteastaíonn le haghaidh clárúcháin agus chun dul i dteagmháil leo ar shaincheistanna lena mbaineann comhleas.

I Nollaig, chas Cathaoirligh na Comhairle agus an Bhoird agus POF CORU le cathaoirleach, POF agus Stiúrthóir Clárúcháin Chomhairle Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann (NISCC) d'fhonn plé a dhéanamh ar an gcumas chun meabhrán tuisceana a fhorbairt idir an dá chomhlacht. Ba cheart go gcabhróidh comhobair ag na comhlachtaí seo le caighdeáin chomhsheasmhacha a chruthú ar fud an dá dhlínse.



## 2.4 Cruinnithe agus Coistí an Bhoird in 2011

Theastaigh cruinnithe minice Boird agus gníomhaíocht shuntasach idir cruinnithe in 2011 mar gheall ar ualach trom oibre agus amfhrámaí gearra. an Coiste Clárúcháin Oibre Sóisialta, an Coiste Stiúrtha Oideachais agus an Coiste Cáilíochtaí Neamhnáisiúnta, ar chabhraigh a n-obair rithábachtach agus fhíor-fhiúntach déanamh cinntí an Bhoird.

Chas an SWRB ar a chéile 11 uair in 2011. Sonraítear dátaí agus freastal ar chruinnithe an SWRB in Agusín 3. Sonraítear thíos dátaí agus an líon freastail ar chruinnithe coiste.

### Eochair maidir le freastal ar chruinnithe :

√: Arna fhreastal X: leithscéalta nó as láthair N: Ní ball den choiste é/í

### An Coiste Clárúcháin Oibre Sóisialta

| Ainm              | An 21 Aib | An 19 Iúil | An 16 Lún | An 13 M.F. | An 12 D.F. | An 23 Samh |
|-------------------|-----------|------------|-----------|------------|------------|------------|
| Val Collier       | √         | X          | √         | √          | √          | √          |
| Pat Dunne         | X         | X          | X         | X          | √          | X          |
| Ursula Fernée     | √         | X          | X         | √          | √          | X          |
| Mary Hargaden     | √         | √          | X         | √          | √          | √          |
| Ned Kelly         | √         | √          | √         | √          | √          | √          |
| Valentine O'Kelly | X         | √          | √         | √          | √          | √          |
| Cormac Quinlan    | X         | X          | √         | √          | √          | √          |

### An Coiste Stiúrtha Oideachais

| Ainm            | An 7 Fea | An 21 Már |
|-----------------|----------|-----------|
| Damien Courtney | √        | √         |
| Chris Curtin    | X        | X         |
| Ursula Fernée   | √        | √         |
| Fiona Geraghty  | X        | √         |
| Suzanne Quin    | √        | √         |
| Cormac Quinlan  | √        | √         |

### Coiste Cáilíochtaí Neamhnáisiúnta

| <b>Ainm</b>      | <b>An<br/>29 Már</b> | <b>An<br/>11 Bea</b> | <b>An<br/>20 Iúil</b> | <b>An<br/>13 M.F.</b> | <b>An<br/>23 Samh</b> |
|------------------|----------------------|----------------------|-----------------------|-----------------------|-----------------------|
| Chris Curtin     | X                    | X                    | X                     | N                     | N                     |
| Monica Egan      | N                    | N                    | N                     | √                     | √                     |
| Denis Gallagher  | √                    | √                    | √                     | √                     | √                     |
| Fiona Geraghty   | √                    | √                    | √                     | X                     | X                     |
| Margaret Groarke | X                    | √                    | √                     | √                     | √                     |
| Carmel Halton    | √                    | √                    | √                     | √                     | √                     |
| Suzanne Quin     | √                    | √                    | X                     | √                     | X                     |
| Ruth Torode      | √                    | √                    | √                     | √                     | √                     |

## 3. Aguisíní

### Aguisín 1

#### Ballraíocht agus freastal ar chruinnithe in 2011 na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

---

##### An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Seo a leanas ballraíocht na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 31 Nollaig 2011:

An Cathaoirleach:

- Tom Jordan

Duine amháin atá “freagrach as bainistíocht na hearnála poiblí sláinte, na hearnála poiblí cúraim shóisialta nó as bainistíocht an dá earnála”:

- Jackie Reed

Duine amháin a dhéanann “ionadaíocht don bhainistíocht eagraíochta deonaí nó den earnáil phríobháideach a phléann leis an tsláinte nó le cúram sóisialta”:

- Pat Quinlan

Duine amháin a dhéanann “ionadaíocht do bhunaíochtaí tríú leibhéal oideachais a bhíonn páirteach in oideachas agus in oiliúint daoine i ndáil le cleachtadh na ngairmeacha ainmnithe agus atá ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta”:

- Ann Taylor

Seisear daoine a dhéanann “ionadaíocht do leas an phobail ghinearálta” agus a cheaptar “le toiliú an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta”:

- Sharon Foley
- Martin Higgins
- Julie Ling
- Stephen McMahon
- Kristin Quinn

Is ann do phost folamh amháin.

Triúr daoine ag a bhfuil “cáilíochtaí, spéiseanna agus taithí” a measann an tAire Sláinte agus Leanáí go mbaineann “fiúntas leo i dtaca leis an gComhairle agus a gcuid feidhmeanna á gcur i ngníomh acu”:

- Jenny Bulbulia
- Dorothy Donovan
- Muiris FitzGerald

Ball amháin ó gach ceann de na 12 ghairm ar a mbeidh rialú le déanamh:

Ag fanacht le hathruithe sa reachtaíocht, d’fhreastail seisear ainmnitheach ag a bhfuil stádas breathnóra ar chruinnithe na Comhairle go dtí gur éag a dtéarma i Márta 2011. Ba iad seo:

- Odhrán Allen (teiripeoirí saothair)
- Libby Delap (ortoptaigh)
- Jill Long (fisiteiripeoirí)
- Maeve Murphy (teiripeoirí urlabhra agus teanga)
- John O’Mullane (bithcheimiceoirí cliniciúla)
- David Power (oibreoirí cúraim shóisialta)

I Samhain 2011, ainmníodh 12 bhreathnóir, agus bainfidh na hionadaithe gairmiúla seo stádas ballraíochta iomláine amach ar leasú an Achta. Seo a leanas iad:

- Odhrán Allen (teiripeoirí saothair)
- Richard Booth (síceolaithe)
- Marie Culliton (eolaithe míochaine)
- Monica Egan (oibreoirí sóisialta)
- Tony McAleer (ortoptaigh)
- Caroline McIntosh (coslianna)
- Halóg Mellet (diatéitigh)
- Michele Monaghan (radagrafaithe)
- John O’Mullane (bithcheimiceoirí cliniciúla)
- Maeve Murphy (teiripeoirí urlabhra agus teanga)
- David Power (oibreoirí cúraim shóisialta)
- Emma Stokes (fisiteiripeoirí)

## Freastal ar chruinnithe na Comhairle in 2011

| Ainm                   | An 16 Már | An 5 Bea | An 23 Bea | An 14 Iúil | An 15 M.F. | An 20 D.F. | An 8 Nol |
|------------------------|-----------|----------|-----------|------------|------------|------------|----------|
| Odhrán Allen           | √**       | N        | N         | N          | N          | N          | X**      |
| Jacqui Barry O’Crowley | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Jenny Bulbulia***      | N         | N        | N         | N          | N          | N          | X        |
| Fionnuala Cook         | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Tony Darmody           | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Libby Delap            | √**       | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Dorothy Donovan        | √         | √        | √         | X          | √          | X          | √        |
| Margaret Doyle         | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Monica Egan            | √         | N        | N         | N          | N          | N          | X**      |
| Bernie Eustace         | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Muiris FitzGerald***   | N         | N        | N         | N          | N          | N          | √        |
| Mitchel Fleming        | X         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Sharon Foley           | √         | √        | X         | √          | X          | √          | √        |
| Patricia Godwin        | √         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Martin Higgins***      | N         | N        | N         | N          | N          | N          | X        |
| Tom Jordan*            | √         | √        | √         | √          | √          | √          | √        |
| Julie Ling             | √         | √T       | X         | X          | √          | √          | √        |
| Jill Long              | √**       | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Mark McEntee           | X         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Stephen McMahon        | √         | √        | √         | √          | √          | √          | √        |
| Maeve Murphy           | √**       | N        | N         | N          | N          | N          | X**      |
| Patricia O’Connor      | X         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| John O’Mullane         | X**       | N        | N         | N          | N          | N          | X**      |
| David Power            | √**       | N        | N         | N          | N          | N          | X**      |
| Pat Quinlan***         | √         | N        | N         | N          | N          | N          | X        |
| Kristin Quinn***       | N         | N        | N         | N          | N          | N          | X        |
| Jackie Reed            | √         | √T       | √T        | X          | √          | √          | √        |
| Michael Ronayne        | X         | N        | N         | N          | N          | N          | N        |
| Ann Taylor             | √         | X        | X         | X          | √          | X          | √        |

Eochair:

√ : Arna fhreastal

\* : An Cathaoirleach

√T : trí Theileachomhdháil

\*\* : stádas breathnóra

X : leithscéalta nó as láthair

\*\*\*: arna cheapadh chuig an gComhairle an 25 Sam 2011.

N : ní ball den Chomhairle é/í ag an dáta

# Aguisín 2

## Cuspóir agus Dualgais na Comhairle

---

De réir an Achta, “is é cuspóir na Comhairle an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe”.

### Dualgais na Comhairle

Is iad seo a leanas feidhmeanna na Comhaire, amhail a leagtar amach san Acht:

- gníomhaíochtaí boird chláraitheachta a mhaoirsiú agus a chomhordú
- tacaíocht riaracháin agus cúnamh rúnaíochta a chur ar fáil do bhoird chláraitheachta agus dá gcoistí
- iarratais a fháil agus cinntí a dhéanamh faoi chlárúchán maidir le diúltú boird cláraitheachta chun clárúchán a dheonú nó a aiscur
- caighdeáin chleachtais le haghaidh cláraitheoirí de na gairmeacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na cóid iompair agus eitice gairmiúla arna nglacadh ag a mboird chláraitheachta
- coistí fiosrúcháin a bhunú isteach i ngearáin, fiosrúcháin agus disciplín, amhail a dtugtar breac-chuntas air i gCuid 6 den Acht, i leith chláraitheoirí na ngairmeacha ainmnithe
- cinntí a dhéanamh agus teoracha a thabhairt faoi Chuid 6 lena mbaineann smachtbhannaí disciplíneacha a ghearradh ar chláraitheoirí de na gairmeacha ainmnithe
- an tAire a mholadh, cibé acu as a stuaim féin nó ar iarraidh an Aire, ar gach ábhar lena mbaineann feidhmeanna na Comhairle faoin Acht
- boird chláraitheachta a spreagadh chun comhoibriú lena chéile, sa chás gurb inchleachtaithe, lena n-áirítear in oideachas agus in oiliúint ghairmiúil cláraitheoirí
- treoirinte measúnaithe a eisiúint chun críocha alt 91 (a bhaineann le clárúchán tosaigh gairmeacha reatha laistigh de na gairmeacha sannta d’oscailt na gclár agus le linn na hidirthréimhse)
- tabhairt faoi aon fheidhm a d’fhéadfadh an tAire a shannadh don Chomhairle agus a bhaineann leis an méid a leanas:
  - cláraitheoirí aon ghairme sannta, a n-oideachas agus a n-oiliúint agus cleachtadh a ngairme
  - cur chun feidhme aon teorach nó rialacháin de Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena mbaineann cleachtadh cúraim shláinte nó cúraim shóisialta agus aon duine a thugann fúthu.

Tá ag an gComhairle “an chumhacht aon rud a dhéanamh is dealraitheach dóibh bheith riachtanach, bíodh sé ina bhuntáiste nó teagmhasach, nó chun feidhmíocht a gcuid feidhmeanna faoin Acht seo a éascú”.

## Aguisín 3

### Ballraíocht agus freastal ar chruinnithe Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta in 2011

---

Seo a leanas ballraíocht Bhord Cláraitheachta na nOibreoirí Sóisialta an 31 Nollaig 2011:

Seisear daoine atá ina gcláraitheoirí den ghairm as a bhfuil:

- triúr ag oibriú le cleachtadh na gairme:
  - Monica Egan
  - Fiona Geraghty
  - Cormac Quinlan
- tá beirt ag oibriú le bainistíocht na seirbhísí a chuireann siad ar fáil, mar bhail den ghairm sin:
  - Ursula Fernée
  - Mary Hargaden
- tá duine amháin “ag oibriú sa stát in oideachas agus in oiliúint daoine maidir le cleachtadh na gairme sin”:
  - Suzanne Quin (Cathaoirleach)

Seachtar daoine arna gceapadh ag an Aire, as a bhfuil:

- duine amháin ionadaíoch do bhainistíocht na hearnála poiblí sláinte, na hearnála cúraim shóisialta nó do bhainistíocht an dá earnála:
  - Pat Dunne
- tá duine amháin a dhéanann ionadaíocht do bhainistíocht eagraíochta deonaí nó den earnáil phríobháideach a phléann leis an tsláinte nó le cúram sóisialta:
  - Val Collier
- tá duine amháin a dhéanann “ionadaíocht do bhunaíochtaí tríú leibhéal oideachais sa stát a bhíonn páirteach in oideachas agus in oiliúint daoine i ndáil le cleachtadh na ngairme”, agus a ainmníonn an tAire Oideachais agus Scileanna:
  - Chris Curtin
- tá ceathrar a dhéanann “ionadaíocht do leas an phobail ghinearálta” agus a cheaptar le toiliú an Aire Post, Fiontar agus Fostaíochta:
  - Damien Courtney
  - Denis Gallagher
  - Ned Kelly
  - Valentine O’Kelly.

## Freastal ar chruinnithe an SWRB in 2011

| Ainm              | An<br>13<br>Ean | An<br>3<br>Fea | An<br>9<br>Már | An<br>29<br>Már | An<br>18<br>Bea | An<br>29<br>Mei | An<br>27<br>Lúil | An<br>31<br>Lún | An<br>28<br>M.F. | An<br>26<br>D.F. | An<br>7<br>Nol |
|-------------------|-----------------|----------------|----------------|-----------------|-----------------|-----------------|------------------|-----------------|------------------|------------------|----------------|
| Val Collier       | √               | √              | √              | √               | √               | X               | √                | √               | √                | √                | √              |
| Damien Courtney   | √               | √              | √              | X               | √               | √               | √                | √               | X                | √                | √              |
| Chris Curtin      | X               | √              | X              | X               | X               | √               | X                | √               | X                | √                | X              |
| Pat Dunne         | √               | X              | √              | X               | √               | √               | X                | X               | X                | X                | X              |
| Monica Egan       | X               | X              | √              | √               | X               | √               | √                | √               | X                | √                | √              |
| Ursula Fernée     | √               | √              | √              | √               | X               | X               | X                | √               | X                | √                | √              |
| Denis Gallagher   | X               | √              | √              | √               | √               | √               | √                | X               | √                | X                | √              |
| Fiona Geraghty    | √               | X              | X              | √               | √               | X               | √                | X               | √                | √                | X              |
| Mary Hargaden     | √               | √              | √              | X               | √               | √               | √                | √               | X                | √                | X              |
| Ned Kelly         | √               | √              | X              | √               | √               | √               | √                | √               | √                | √                | √              |
| Valentine O'Kelly | √               | √              | √              | X               | √               | √               | X                | √               | √                | √                | √              |
| Suzanne Quin*     | √               | √              | √              | √               | √               | √               | √                | √               | √                | √                | √              |
| Cormac Quinlan    | √               | X              | √              | √               | X               | √               | √                | √               | √                | √                | √              |

Eochair:

\*: An Cathaoirleach

√ : Arna fhreastal

X : Leithscéalta nó as láthair



## Aguisín 4

### Cuspóir agus Dualgais na mBord Cláraitheachta

---

Is é cuspóir bord cláraitheachta gairme ainmnithe “an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin iompair, oideachais, oiliúna agus iomaíochais ghairmiúil a chur chun cinn i measc chláraithe na gairme sin”.

#### Dualgais bord cláraitheachta

Is iad seo a leanas feidhmeanna bord cláraitheachta, amhail a leagtar amach san Acht:

- clár ball den ghairm shannta a bhunú agus a choimeád
- deimhnithe clárúcháin a eisiúint
- treoir a thabhairt do chláraithe maidir le hiompar eiticiúil agus treoir agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le cleachtadh na gairme ainmnithe agus le forbairt leanúnach ghairmiúil
- monatóireacht a dhéanamh, i gcomhréir leis an Acht, ar oiriúnacht leanúnach chlár oideachais agus oiliúna arna bhfaomhadh ag an mbord d’oideachas agus d’oiliúint iarratasóirí le haghaidh clárúcháin
- moltaí a dhéanamh maidir le smachtbhannaí atá le gearradh ar chláraitheoirí den ghairm shannta.

Is féidir le bord cláraitheachta, le ceadú na Comhairle, an méid a leanas a dhéanamh:

- tabhairt faoi thaighde ar oideachas agus ar thaighde lena mbaineann cleachtadh na gairme ainmnithe, lena n-áirítear foirmliú na gcuraclam turgnamhach agus measúnú a dhéanamh ar chlár reatha agus nósanna imeachta scúdaithe agus measúnaithe
- taifid staitistiúla a choimeád agus fáil bheith ar na taifid sin le haghaidh taighde agus pleanála.

## 4. Ráitis Airgeadais Don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

| Mír  | Leathanach |
|--|------------|
| Tuarascáil an Ard-Reachtairé Cuntas agus Ciste | 34         |
| An Ráiteas um Rialú Inmheánach Airgeadais      | 36         |
| An Ráiteas um Fhreagrachtaí na Comhairle       | 38         |
| An Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta          | 39         |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais             | 40         |
| An Clár Comhardaithe                           | 41         |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais                | 42         |

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

---

## An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta, 2005. Áirítear sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, an ráiteas um Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí bainteacha. Díl infheidhme atá sa chreatlach um thuairisciú airgeadais, a cuireadh chun feidhme san ullmhú a rinne siad, agus sa Chleachtas Cuntasaíochta ag a bhfuil Glacadh Ginearálta in Éirinn amhail a mhionathraítear ag treoracha an Aire Sláinte i ndáil le cuntasaíocht le haghaidh costais ilbhliantúla.

## Freagrachtaí na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go léirítear fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar a n-ioncam agus caiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán idirnáisiúnta Iniúchta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeán Eitice an Bhoird Chleachtas Iniúchta le haghaidh Iniúcháirí a chomhlíonadh.

## Scóip Iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Is éard a bhaineann le hiniúchadh, fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíríteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas

- cibé acu an cuí nó nach cuí do na beartais chuntasaíochta do chúinsí na Comhairle, agus ar cuireadh i bhfeidhm nó nár cuireadh go comhsheasmhach agus ar nochtáíodh nó nár nochtáíodh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheartaíochtaí airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Sa mhullach air sin, déanaim an fhaisnéis uile airgeadais agus neamhairgeadais a léamh sa tuarascáil bhliantúil le haon mhíríteachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais ar a ndearnadh

iniúchadh a shainiú. Má thugaim aon mhírítis nó mhíreireachtaí ábhartha faoi deara, déanaim breithniú a n-impleachtaí i leith mo thuarascála.

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Aithníonn an Chomhairle costais teidlíochtaí ilbhliantúla ach amháin nuair is infíochta iad, i gcomhlíonadh teoracha ón Aire Sláinte. Ní chomhlíonann an bonn cuntasáíochta le Caighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais a cheanglaíonn go n-aithnítear na costais sin sa bhliain ina dtuilltear na teidlíochtaí.

Seachas neamhaithint chostais ilbhliantúla agus dhliteanais na Comhairle de réir Chaighdeán 17 um Thuairisciú Airgeadais, rinneadh na ráitis airgeadais, i mo thuairim, a ullmhaíodh i gceart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, tugtar seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí na Comhairle amháin an 31 Nollaig 2011 agus ar a gcuid ioncaim agus caiteachais le haghaidh na bliana a chríochnaigh um an dtaca sin.

Rinne an tÚdarás leabhair chuí chuntais a choimeád, i mo thuairim. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

## Ábhar ar a dtuairiscím trí Eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain, a ndearnadh na ráitis airgeadais a ullmhú di, comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánaigh comhlíonadh na Gníomhaireachta an Chóid Iompair le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile ábhartha lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.



Andrew Harkness

Don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus ar a Shon

An 31 Bealtaine 2012

# Ráiteas um Rialú an Chórais Airgeadais Inmheánaigh

---

1. Ar son Bhord na Comhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, aithním ár bhfreagracht lena chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais. Ní féidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach cinntiú réasúnta, seachas iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbheartaíochtaí a úrdarú agus a chur i dtaifead go cuí, agus go ndéantar earraí nó míréireachtaí ábhartha a sheachaint nó go ndéanfaí iad bhrath i dtréimhse thráthúil.

## 2. Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Chuaigh an Chomhairle i mbun bearta le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir,
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh a chuimsítear sa “Chód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit” a ghlacadh, lena n-áirítear:
  - Comhlíonadh treoirínte fála a dhearbhu, amhail a leagtar amach sa Chód
  - Dearbhú go gcomhlíontar diúscairt sócmhainní agus rochtana ag tríú páirtithe amhail a leagtar amach sa Chód
  - Dearbhú go gcuirtear chun feidhme beartais Rialtais um athuimhriú an POF
  - Beartais agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus a thabhairt chun críche le héifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh a chinntiú.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus le sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

Bunaítear an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh ar chreatlach d’fhaisnéis rialta bhainistíochta; córas tairmligin agus freagrachta; sraith nósanna imeachta airgeadais; nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus agus dianseiceálacha leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais. Áirítear leis, go háirithe:


- Córas cuimsitheach buiséadaithe ag a bhfuil buiséad bliantúil, a dhéanann baill den Chomhairle a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaráithe le haghaidh íocaíochtaí amach chistí na Comhairle a shocrú.
- Athbhreithniú rialta ag baill den Chomhairle ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a thugann feidhmíocht airgeadais i leith buiséad le fios.

Bunaíodh an Coiste um Riosca Iniúchta agus Rialachas in 2009. Cheap an Chomhairle Coiste Airgeadais agus Luach Saothair le hathbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbuiséad agus ar na tuarascálacha airgeadais bliantúla mar gheall gur éag téarma oifige an Choiste Airgeadais agus Acmhainní.

Cuireann obair ghnóthais sheachtraigh de chuntasóirí, feidhmeannach na Comhairle atá freagrach as forbairt agus cothabháil chreatlach na rialuithe airgeadais, agus as tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste sa tuarascáil a dhéanann sé, amhail is infheidhme, faisnéis ar fail do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú na Comhairle ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.

### 3. Athbhreithniú bliantúil ar rialú

Deimhním gur thug an Chomhairle faoi athbhreithniú seachtrach ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011.



Cathaoirleach an HSCPC

An 15 Bealtaine 2012

## Ráiteas um Fhreagrachtaí na Comhairle

---


Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005.

Comhlacht reachúil atá iontu atá freagrach as a chinntiú go mbíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta i mbun cleachta i dtimpeallacht rialaithe, rialáilte agus shábháilte ar bhealach a chinnteoidh soláthar seirbhísí ardchaighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta don phobal.

Ceanglaítear faoi Alt 21, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 ar an gComhairle gach cuntas cuí agus gnáthchuntas a choimeád ar an uile airgead a fuair siad nó a chaith siad, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus ullmhúcháin á ndéanamh do na ráitis airgeadais sin, ceanglaítear ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas nach leanfaidh an Chomhairle i mbun oibriúcháin.
- aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a mhíniú ó Chaighdeáin Chuntasaíochta infheidhme.

Déanann an Chomhairle a dheimhniú gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Chomhairle freagrach as leabhair chúf chuntasaíochta a choimeád, ina nochtaítear le cruinneas réasúnta ag aon tráth seasamh airgeadais na Comhairle agus a éascaíonn don Chomhairle a chinntiú go gcomhlíonann ráitis airgeadais Alt 1, Cuid 1 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005. Tá an Chomhairle freagrach, freisin, as a gcuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin, as dul i mbun bearta le calaois agus le míríreachtaí eile a chosc agus a bhrath.



---

Cathaoirleach



---

PFO

An 15 Bealtaine 2012

# An Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta

## Ginearálta

---

Bunaíodh an Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh an 20 Márta 2007 faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 d'fhonn gairmeacha ainmnithe sláinte agus cúraim shóisialta a rialáil. Déantar foráil san Acht, freisin, do dhíscáoileadh an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta d'aistriú a bhfoirne, a sócmhainní agus a ndliteanas. Díscáoileadh an NSWQB an 31 Márta 2011.

### 1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo faoin gcoinbhinsiún stairiúil costais. Glactar Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a bhíonn siad i mbun feidhme. Is é an t-aonad airgeadra an Euro.

### 2. Deontas an Oireachtais

Cuirtear i gcuntas ioncam a léirítear sna cuntais faoi Dheontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

### 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

- (i) Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carntha.
- (ii) Déantar sócmhainní seasta a dhímheas ar a gcostas lúide dímheas carntha. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais ar bhonn líne dhíreach, ar na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide amhail a leanas:

|                         |       |
|-------------------------|-------|
| Troscán agus Daingneáin | 20%   |
| TF/Trealamh oifige      | 33.3% |

### 4. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh leis na sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### 5. Aoisliúntas


Déantar foráil in Alt 13 den Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 le haghaidh scéim(eanna) aoisliúntais a bhunú ag an gComhairle. Scéim shainithe tairbhe atá sa scéim chun críche Acht na bPinsean, 1990. Tá an scéim á hoibriú ar bhonn riaracháin ar feitheamh ceadaithe ón Aire Sláinte agus Leanáil le toilliú an Aire Airgeadais.




**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011**

|  | Nótaí | An Bhliain<br>dar críoch<br>2011<br>€ | An Bhliain<br>dar críoch<br>2010<br>€ |
|--|-------|---------------------------------------|---------------------------------------|
| <b>Ioncam</b>                          |       |                                       |                                       |
| Deontas an Oireachtais                 | 1     | 1,211,932                             | 719,117                               |
| Táillí Clárúcháin                      |       | 39,510                                | -                                     |
| Ioncam Ilghnéiteach                    |       | 345                                   | -                                     |
| Ioncam lasachta                        | 2     | 81,336                                | -                                     |
| Asbhaintí Aoisiúntas Fostaithe         |       | 29,050                                | 12,435                                |
|  |       | <u>1,362,173</u>                      | <u>731,552</u>                        |
| Aistriú ón/(go dtí) an Cuntas Caipitil | 11    | (39,488)                              | 2,186                                 |
|  |       | <u>1,322,685</u>                      | <u>733,738</u>                        |
| <b>Caiteachas</b>                      |       |                                       |                                       |
| Tuarastail                             | 6     | 711,490                               | 372,199                               |
| Taisteal                               |       | 12,762                                | 6,240                                 |
| Costais Bhunaithe                      | 3     | 63,465                                | 68,523                                |
| Riaracháin Oifige                      | 4     | 309,879                               | 183,298                               |
| Soláthairtí Oifige                     |       | 7,140                                 | 4,427                                 |
| Priontáil agus Foilseacháin            |       | 22,104                                | 8,989                                 |
| Táillí Díl agus Gairmithe              | 7     | 127,234                               | 93,948                                |
| Oideachas/CPD                          |       | 5,842                                 | -                                     |
| Táillí Iniúchta                        |       | 9,945                                 | 3,290                                 |
| Táillí Cuntasaíochta                   |       | 63,659                                | 24,482                                |
| Bunú na Gníomhaireachta                |       | -                                     | 5,229                                 |
| Seirbhísí Pinsin                       |       | -                                     | 4,555                                 |
| Seirbhísí Párolla                      |       | 4,300                                 | 1,500                                 |
| Dímheas                                |       | 12,835                                | 11,202                                |
|  |       | <u>1,350,655</u>                      | <u>787,882</u>                        |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain        |       | (27,970)                              | (54,144)                              |
| Barrachas arna aistriú ón NSWQB        | 5     | 60,066                                | -                                     |
| Aistriú Pinsin                         | 12    | -                                     | 31,968                                |
| Barrachas ag Tús na Bliana             |       | 15,927                                | 38,103                                |
| <b>Barrachas ag Deireadh na Bliana</b> |       | <u><b>48,023</b></u>                  | <u><b>15,927</b></u>                  |

Aithnítear an uile chailteanas agus gnóthachan sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.  
Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.

  
Cathaoirleach


  
PFO

An 15 Bealtaine 2012


**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Clár Comhardaithe amháil an 31 Nollaig 2011**

|   | Nótaí | 2011<br>€             | 2010<br>€            |
|---|-------|-----------------------|----------------------|
| <b>Sócmhainní Seasta</b>  | 8     | 66,359                | 11,615               |
| <b>Sócmhainní Reatha</b>  |       |                       |                      |
| Airgead sa Bhanc  |       | 108,028               | 31,379               |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí                                   | 9     | 28,213                | 6,509                |
|   |       | <u>136,241</u>        | <u>37,888</u>        |
| <b>Creidiúnaithe (Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)</b> |       |                       |                      |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe   | 10    | 88,218                | 21,961               |
| <b>Glansócmhainní Reatha</b>  |       | <u>48,023</u>         | <u>15,927</u>        |
| <b>Sócmhainní Iomlána</b>   |       | <u><b>114,382</b></u> | <u><b>27,542</b></u> |
| <b>Arna léiriú ag:</b>  |       |                       |                      |
| An Cuntas Caipitil  | 11    | 66,359                | 11,615               |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais                                    |       | 48,023                | 15,927               |
|   |       | <u><b>114,382</b></u> | <u><b>27,542</b></u> |

Tá an Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais seo.



\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach



\_\_\_\_\_  
PFO

An 15 Bealtaine 2012

**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

|                                  | <b>2011</b>      | <b>2010</b>    |
|----------------------------------|------------------|----------------|
|                                  | <b>€</b>         | <b>€</b>       |
| <b>1. Deontas an Oireachtais</b> |                  |                |
| An Roinn Sláinte agus Leanaí     | 1,211,932        | 719,117        |
|                                  | <b>1,211,932</b> | <b>719,117</b> |

Rinneadh loncam Deontais in 2011 a tharraingt anuas ag an gComhairle ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Áirítear Deontais Chaipitil €52,249 (2010: €6,093) sna figiúirí thuas.

**2. Ioncam Iasachta**

|   |               |          |
|---|---------------|----------|
| An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) | 81,336        | -        |
|   | <b>81,336</b> | <b>-</b> |

Baineann an t-ioncam seo le beirt bhall foirne den Bhord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta a rinneadh a athfhostú go buan trí shocrú iasachta chuig an HIQA ar díscáileadh an NSWQB an 31 Márta 2011. Beidh an socrú iasachta seo fós i bhfeidhm go dtí go gcuirtear reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm a chuirfidh ar chumas an HIQA na baill foirne a cheapadh ar bhonn buan. Déantar a gcostais tuarastail a athghearradh ar an HIQA ar bhonn míosúil.

|                                    | <b>2011</b>   | <b>2010</b>   |
|------------------------------------|---------------|---------------|
|                                    | <b>€</b>      | <b>€</b>      |
| <b>3. Costais Bunaithe</b>         |               |               |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Sheirbhíse | 10,785        | 68,523        |
| Deisiúcháin agus Cothabháil        | 10,824        | -             |
| Soilsiú agus Téamh                 | 11,278        | -             |
| Glantachán                         | 8,369         | -             |
| Árachas                            | 6,053         | -             |
| Slándáil                           | 3,973         | -             |
| Costais Athlonnaithe               | 12,183        | -             |
|                                    | <b>63,465</b> | <b>68,523</b> |

I Márta 2011, d'aistrigh an Chomhairle go dtí cóiríocht nua oifige in Áth an Ghainimh a bhí á léasú ag an HIQA. Ba ghá le deisiúcháin agus cothabháil ríthábhachtach de bharr nach raibh aon duine ina gcónaí san fhoirgneamh ar feadh trí bliana. Íocadh cíos, rátaí agus muirir sheirbhíse le haghaidh Eanáir/Feabhra 2011 maidir leis an spás oifige a bhí á roinnt ag an NSWQB agus an HSCPC i Sráid Bhagóid.

**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

| <b>4. Riaracháin Oifige</b>  | <b>2011</b>    | <b>2010</b>    |
|--|----------------|----------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| Guthán   | 11,554         | 7,279          |
| Forbairt TF  | 5,642          | 18,055         |
| Crua-Earraí/Bogearraí TF   | 2,772          | 21,985         |
| Tacaíocht TF   | 11,613         | 7,637          |
| Páipéarachas agus Costais Oifige                                     | 26,396         | 15,590         |
| Muirir Earcaíochta agus Foireann na Gníomhaireachta                  | 175,440        | 65,192         |
| Oiliúint Foirne agus Comhdhálacha                                    | 25,137         | 14,102         |
| Táillí Cathaoirleach   | 8,978          | 8,857          |
| Oiliúint Cathaoirleach   | 2,550          | -              |
| Costais Chathaoirleach   | 604            | 533            |
| Cruinnithe na Comhairle – Fruiliú Seomraí agus Sólaistí              | 2,265          | 5,627          |
| Cruinnithe na Comhairle – Taisteal agus Cothabháil                   | 3,358          | 9,093          |
| Costais fochoiste  | -              | 2,009          |
| Cruinnithe an Bhoird Chláraitheachta - Fruiliú Seomraí agus Sólaistí | 3,931          | 2,161          |
| Cruinnithe an Bhoird Chláraitheachta - Taisteal agus Cothabháil      | 23,397         | 1,704          |
| Síntiúis   | 5,278          | 2,971          |
| Muirir Bhainc  | 964            | 503            |
|  | <b>309,879</b> | <b>183,298</b> |

**5. Díscáoileadh an Bhoird Cháilíochtaí Náisiúnta d’Obair Shóisialta (NSWQB)**

De bun fhorálacha an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, díscáoileadh an Bord Cáilíochtaí Náisiúnta d’Obair Shóisialta an 31 Márta 2011, agus d’aistrigh an Fhoireann, na Sócmhainní agus na Dlíteanais go léir ag an tráth sin chuig an HSCPC.

|                                     |               |
|-------------------------------------|---------------|
| Sócmhainní Seasta                   | 15,256        |
| Airgead sa Bhanc agus Airgead Tirim | 68,751        |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 5,552         |
| Creidiúnaithe                       | (14,237)      |
|                                     | <b>75,322</b> |
| Glansócmhainní Aistrithe            | <b>75,322</b> |
| Arna léiriú ag:                     |               |
| Barrachas loncaim thar Chaiteachais | 60,066        |
| Chúlchistí Caipitiúla               | 15,256        |
|                                     | <b>75,322</b> |

**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

|                      | <b>2011</b>    | <b>2010</b>    |
|----------------------|----------------|----------------|
|                      | <b>€</b>       | <b>€</b>       |
| <b>6. Tuarastail</b> |                |                |
| Tuarastail           | 560,694        | 372,199        |
| Costais Phinsin      | 150,796        | -              |
|                      | <u>711,490</u> | <u>372,199</u> |

B'ionann an líon iomlán WTE a bhí fostaithe ag an gComhairle ag deireadh na bliana agus 10, sa mhullach ar an POF (2010 – 4). Rinneadh seisear ball foirne a aistriú ón mBord Cáilíochtaí Náisiúnta ar an iomlán an 1 Aibreán 2011. Áirítear leis an muirear seo na costais a bhaineann le beirt bhall foirne a rinneadh a athfhostú leis an HIQA ar díscáileadh an NSWQB nach n-áirítear san WTE.

Déanann Ospidéal Beaumont costais tuarastail an POF a athghearradh ar an gComhairle. B'ionann an tsuim iomlán a aisíocadh le hOspidéal Beaumont i ndáil le tuarastal an POF in 2011 agus €105,630 (2010 - €105,207), pinsean €21,055 (2010 - €21,055) agus muirear riaracháin €750 (2010 - €750). Léirítear na suimeanna seo i gCostais na dTuarastal thuas.

Ní bhfuair an POF aon phá feidhmíocht-bhunaithe ná aon liúntas BIK. Ní mó teidlíocht phinsin an POF ná teidlíochtaí caighdeánacha a shonraítear i scéim eiseamláireach shainithe sochair aoisliúntais de chuid na hearnála poiblí.

Dheimhnigh an POF costais maidir le Taisteal agus Cothabháil arbh ionann iad agus €4,608 in 2011 agus áiríodh leo €1,923 maidir le taisteal thar lear (€1,567 in 2010).

Asbhaineadh tobhach pinsin €24,089 (2010: €14,320) de na tuarastail agus íocadh é leis an Roinn Sláinte.

|   | <b>2011</b>  | <b>2010</b>  |
|---|--------------|--------------|
|   | <b>€</b>     | <b>€</b>     |
| Fuair Cathaoirleach an Bhoird na táillí a leanas    |              |              |
| Tom Jordan  | 8,978        | 6,878        |
| Margaret Hayes                                      | -            | 1,979        |
| (Cuireadh deireadh lena téarma oifige i Márta 2010) |              |              |
|   | <u>8,978</u> | <u>8,857</u> |

|  | <b>2011</b>    | <b>2010</b>   |
|--|----------------|---------------|
|  | <b>€</b>       | <b>€</b>      |
| <b>7. Táillí Dlí agus Gairmithe</b>                  |                |               |
| Táillí Dlí   | 30,624         | 20,254        |
| Soláthar   | 7,340          | 12,871        |
| Próiseas Cláráitheachta a Bhunú                      | 25,637         | 23,145        |
| Cumarsáid  | 23,255         | 4,937         |
| Comhairleoirí – Athbhreithniú ar an Struchtúr Táillí | 25,713         | -             |
| Comhairleoirí – Forbairt Eagraíochta                 | 6,058          | 31,201        |
| Comhairleoirí - AD                                   | 8,607          | 1,540         |
|  | <u>127,234</u> | <u>93,948</u> |

**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

| 8. Sócmhainní Seasta  | Daingneáin<br>agus Feistis<br>€ | Trealamh<br>TF/Oifige<br>€ | Iomlán<br>€    |
|---|---------------------------------|----------------------------|----------------|
| <b>Costas</b>   |                                 |                            |                |
| Costas amhail an 1 Eanáir 2011  | 8,523                           | 28,862                     | 37,385         |
| Breisiúcháin sa bhliain   | 8,558                           | 44,327                     | 52,885         |
| Arna aistriú ón NSWQB   | 9,886                           | 42,478                     | 52,364         |
| Diúscairtí sa bhliain   | -                               | (1,022)                    | (1,022)        |
|   | <b>26,967</b>                   | <b>114,645</b>             | <b>141,612</b> |
| <b>Dímheas:</b>   |                                 |                            |                |
| Dímheas Carntha amhail an 1 Eanáir 2011                               | 3,942                           | 21,828                     | 25,770         |
| Dímheas sa bhliain  | 3,188                           | 9,647                      | 12,835         |
| Arna aistriú ón NSWQB   | 4,774                           | 32,334                     | 37,108         |
| Diúscairtí sa bhliain   | -                               | (460)                      | (460)          |
| Dímheas Carntha amhail an 31 Nollaig 2011                             | <b>11,904</b>                   | <b>63,349</b>              | <b>75,253</b>  |
| Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2011                          | <b>15,063</b>                   | <b>51,296</b>              | <b>66,359</b>  |
| Glanluach Leabhair amhail an 31 Nollaig 2010                          | <b>4,581</b>                    | <b>7,034</b>               | <b>11,615</b>  |
|   |                                 | <b>2011</b>                | <b>2010</b>    |
| <b>9. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí</b>                         |                                 | <b>€</b>                   | <b>€</b>       |
| Féichiúnaithe Eile  |                                 | 9,037                      | -              |
| Réamhíocaíochtaí  |                                 | 19,176                     | 6,509          |
|   |                                 | <b>28,213</b>              | <b>6,509</b>   |
|   |                                 | <b>2011</b>                | <b>2010</b>    |
| <b>10. Creidiúnaithe (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)</b> |                                 | <b>€</b>                   | <b>€</b>       |
| Fabhrú Párolla  |                                 | -                          | 1,221          |
| Fabhruithe Eile   |                                 | 88,218                     | 20,740         |
|   |                                 | <b>88,218</b>              | <b>21,961</b>  |

Meastar go bhfuil gach iarmhéid féichiúnaí inghnóthaithe laistigh de bhliain amháin.

**CORU / An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh**  
**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011**

|  | <b>2011</b>   | <b>2010</b>   |
|--|---------------|---------------|
|  | <b>€</b>      | <b>€</b>      |
| <b>11. An Cuntas Caipitil</b>                          |               |               |
| An Iarmhéid amhail an 1 Eanáir                         | 11,615        | 13,801        |
| Iarmhéid arna aistriú ón NSWQB                         | 15,256        | -             |
| <br>Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: |               |               |
| Cistiú chun sócmhainní seasta a cheannach              | 52,885        | 9,016         |
| Lúide: Méid scaoilte ar diúscairt sócmhainní           | (562)         | -             |
| Lúide: Amúchadh ar aon dul le dímheas                  | (12,835)      | (11,202)      |
|  | <hr/>         | <hr/>         |
|  | 39,488        | (2,186)       |
|  | <hr/>         | <hr/>         |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig                          | <b>66,359</b> | <b>11,615</b> |

**12. Aistriú Pinsin**

In 2010, ar aon dul le treoracha a fuarthas ón Roinn, d'eascair aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais maidir le cuntas ranníocaíochtaí pinsin fostaí agus fostóra a bhí ar feitheamh aistriú chuig an Roinn.

**13. Baill den Chomhairle – Nochtadh Leasa**

Chomhlíon an Chomhairle treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Baill den Chomhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Níorbh ann d'aon idirbheartaíochtaí le linn na tréimhse maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas tairbhiúil ag Baill na Comhairle.

**14. Cóiríocht Oifige**

D'áitigh an Chomhairle áitreabh ag Sráid Bhagóid, Baile Átha Cliath 2, a rinne siad a fholigean ón mBord Cáilíochtaí Náisiúnta d'Obair Shóisialta (NSWQB) go dtí Márta 2011. D'íoc an Chomhairle ranníocaíocht leis an NSWQB maidir le cíos agus seirbhísí do na háitribh seo do na chéad 2 mhí de 2011 arbh ionann í agus €9,824 (2010-€54,535). Ó Mheán Fómhair 2010 go dtí an 9 Aibreán 2011, d'áitigh an Chomhairle breis cóiríocht oifige in oifigí seirbhísithe i bPlás Íle, Baile Átha Cliath 2 trí chomhaontú ceadúnais.

B'ionann an muirear cíosa le haghaidh Eanáir/Feabhra 2011 agus €4,710 (2010- €13,988). Ó Mhárta 2011, tá áitreabh á áitiú ag an gComhairle i gCúirt an Rabhcháin, Áth an Ghainnimh, Baile Átha Cliath 18, a rinne siad a cheadúnú ón Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) go dtí 2016.

**15. Ceangaltais Chaipitiúla**

Tá ag CORU ceangaltais maidir le tionscadal um chaiteachas TFC a bhaineann le Córas Clárúcháin de chuid HSCPS a chruthú. Tá an tionscadal agus an caiteachas leata thar chéim 5 bliana. Ag dáta an chláir chomhardaithe, bhí ceangaltais amuigh ag CORU le haghaidh íocaíochtaí amach anseo ar an tionscadal, a mheastar atá €252,948.

**16. Faomhadh Ráitis Airgeadais**

Rinne an Chomhairle na Ráitis Airgeadais an 15.05.2012.



# Nótaí

---

An pobal a chosaint trí ardchaighdeán  
iompair, oideachais, oiliúna agus inniúlachta  
gairmiúla a chur chun cinn i measc  
chláraithe na ngairmeacha ainmnithe.



Ag Rialáil Gairmithe Sláinte  
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +  
Social Care Professionals

**Baile Átha Cliath**

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**

Le ceannach go díreach ó

**Oifig Díolta Foilseacháin an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2**

nó ag ordú poist ó

**Foilseacháin an Rialtais, Rannóg na Trádála Poist, Aonad 20 Páirc Mhiondíola Lakeside, Clár Chlainne Mhuiris,  
Contae Mhaigh Eo**

(Guthán: 01 - 6476834/37 nó 1890 213434; Facs: 01 - 6476843 nó 094 - 9378964)

nó trí aon díoltóir leabhar.

CORU, 13-15 An Meal, Cúirt an Rabhcháin, Bóithar na Raithní Móire,  
Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18

**Guthán:** 01 2933160 **Facs:** 01 2933170 **R-phost:** : info@coru.ie

[www.coru.ie](http://www.coru.ie)

ISBN 978-1-4064-2700-4



9 781406 427004